Balance at 1 January 2008	354,466	381,444	604,275	1,340,185
Charged in the year	29,355	34,803	83,413	147,571
Balance at 31 December 2008	383,821	416,247	687,688	1,487,756



<b>Notes to Financial Statements for the year ended 31st December, 2008</b>				
NET BOOK VALUE - 31 December 2008	4,413	57,756	3,253,398	3,315,567
NET BOOK VALUE - 31 December 2007	31,311	75,284	3,325,713	3,432,308
<b>8. CAPITAL ACCOUNT</b>			<b>2008</b>	<b>2007</b>
			€	€
Balance at 1 January			3,432,308	3,563,823
<u>Transfer to / (from) Income and Expenditure Account</u>				
Income applied to purchase fixed assets			30,830	48,020
Amortised in the year in line with asset depreciation			(147,571)	(179,535)
			(116,741)	(131,515)
Balance at 31 December			3,315,567	3,432,308
<b>9. CASH FLOW RECONCILIATION</b>				
<b>9 (a) RECONCILIATION OF (DEFICIT) / SURPLUS FOR THE YEAR TO CASH FROM OPERATING ACTIVITIES</b>			<b>2008</b>	<b>2007</b>
			€	€
Surplus / (Deficit) for the period			(495,099)	26,931
Adjustment for non operating items				
Interest Receivable			(3,003)	(5,800)
Movement on Capital Account			(116,741)	(131,515)
Adjustment for non cash items				
Depreciation			147,571	179,535
Change in Debtors			(46,635)	6,560
Change in Creditors			171,458	94,253
Cash from Operating Activities			(342,449)	169,964

### Notes to Financial Statements for the year ended 31st December, 2008

<b>9(b) RECONCILIATION OF CASHFLOW TO MOVEMENT IN NET FUNDS</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Balance at 31 December 2007	491,998	364,254
Increase / (Decrease) in Cash	(370,276)	127,744
Balance at 31 December 2008	121,722	491,998

### 10. SUPERANNUATION

Under the National Disability Authority Act 1999, the Authority with the approval of the Minister for Justice Equality & Law Reform and the consent of the Minister for Finance, shall make a scheme or schemes for the granting of superannuation benefits to or in respect of the members of staff, including the Director of the Authority.

A Model Scheme has been drafted and is awaiting approval from the Department of Justice, Equality and Law Reform and the Department of Finance.

The National Disability Authority operates unfunded defined benefit superannuation schemes for staff.

At present staff who were formerly staff of the National Rehabilitation Board (NRB) who retire receive Superannuation benefits under the terms of the Local Government Superannuation Scheme. Staff who have been employed by NDA subsequent to its establishment and who retire receive benefits in line with the terms of the Nominated Health Agencies Superannuation Scheme.

#### (a) Pension Scheme

The results set out below are based on an actuarial valuation of the liabilities in respect of the serving, retired and deceased staff of the NDA as at 31 December 2008. This valuation was carried out by a qualified independent actuary for the purpose of the accounting standard, Financial Reporting Standard No.17- Retirement Benefits (FRS 17) This valuation was carried out using the projected unit method.

The financial assumptions used to calculate scheme liabilities were as follows:

	<b>2008</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>	<b>2005</b>	<b>2004</b>
Discount Rate	5.5%	5.5%	5.5%	5.5%	5.5%

### Notes to Financial Statements for the year ended 31st December, 2008

Salary increase	4%	4%	4%	4%	4%
Pension increase	4%	4%	4%	4%	4%
Price inflation	2%	2%	2%	2%	2%

As the NDA schemes are unfunded, there are no assets held in respect of accrued pension liabilities of the NDA staff.

<b>(b) Net Deferred Funding For Pensions In Year</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Funding recoverable in respect of current year pension costs	1,380,000	1,380,000
State Grant applied to pay pensioners	(851,171)	(303,327)
	528,829	1,076,673
<b>(c) Analysis of the amount charged to operating profit under FRS 17</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Current service cost	820,000	800,000
Interest on pension scheme liabilities	560,000	580,000
Employee contribution	(162,485)	(156,453)
Past service cost	-	-
Total operating charge	1217515.4	1223547

#### **(d) Deferred Funding Asset for Pensions**

The National Disability Authority recognises these amounts as an asset corresponding to the unfunded deferred liability for pensions on the basis of the set of assumptions described above and a number of past events. These events include the statutory basis for the establishment of the superannuation scheme, and the policy and practice currently in place in relation to funding public service pensions including contributions by employees and the annual estimates process. While there is no formal agreement regarding these specific amounts with the Department of Justice, Equality & Law Reform, the National Disability Authority has no evidence that this funding policy will not

### Notes to Financial Statements for the year ended 31st December, 2008

continue to meet such sums in accordance with current practice. The deferred funding asset for pensions as at 31 December 2008 amounted to €16.1 million (2007: €15 million).

<b>(e) Analysis of the amount recognised in the statement of total recognised gains and losses (STRGL)</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Experience (gains) and losses arising on the scheme liabilities	245,000	(712,000)
Changes in assumptions underlying the present value of the scheme liabilities:	0	0
Actuarial (gain) / loss recognised in STRGL:	245,000	(712,000)
<b>(f) Movement in deficit during the year</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Scheme Liability at 1 January	€15,000,000	€14,600,000
Current service cost	€820,000	€800,000
Interest on scheme liabilities	€560,000	€580,000
Benefits payable	(€525,000)	(€268,000)
Actuarial gain recognised in STRGL	€245,000	(€712,000)
Pension Liability	€16,100,000	€15,000,000

#### History of experience gains and losses

<b>experience (gains) / losses on scheme liabilities</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>	<b>2005</b>
amount	(€712,000)	€344,000	€558,000
percentage of the present value of the scheme liabilities	(5%)	2%	4%
<b>total amount recognised in STRGL</b>			
amount	(€712,000)	€344,000	€558,000
percentage of the present value of the scheme liabilities	(5%)	2%	4%

### Notes to Financial Statements for the year ended 31st December, 2008

The cumulative actuarial (gain) / loss since 2004 recognised in STRGL amounts to €2,540,000

<b>11. CREDITORS AND ACCRUALS</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
Payroll / Sundry Creditors	€105,388	€83,502
Creditors relating to NRB	€14,484	€14,484
Accruals	€285,999	€133,901
MHADIE Deferred Income	€17,896	€20,422
<b>Total Creditors</b>	<b>€423,767</b>	<b>€252,309</b>

<b>12. DEBTORS AND PREPAYMENTS</b>		<b>2008</b>	<b>2007</b>
Department of Education & Science		€86,316	€112,682
DOHC / FAS Rental & Services		€118,572	€47,020
MHADIE Debtor		€3,036	€3,036
Sundry Debtors NDA	12,780		
Less Bad Debt Provision	(7,301)	€5,479	€16,839
Prepayments		€50,619	€37,810
<b>Total Debtors</b>		<b>€264,022</b>	<b>€217,387</b>

### 13. CONTINGENT LIABILITIES

There are no contingent liabilities at 31 December 2008.

### 14. CAPITAL COMMITMENTS

The Authority had no outstanding capital commitments as at 31 December 2008.

### 15. APPROVAL OF FINANCIAL STATEMENTS

The Financial Statements were approved by the Authority on 16 July 2009



# Appendices

## **Appendix I: Authority Committees in 2008**

### **Audit Committee**

Mr Derek Staveley (Chairperson)

Mr Robert Cashell

Mr Kevin Condon

Ms Maria Cronin

Mr Brian Duffy

Mr Christy Lynch

### **Finance Committee**

Mr Christy Lynch (Chairperson)

Mr Jack Callanan

Ms Maria Cronin

Mr John Dolan

Ms Noreen Gildea

Mr Sean Mistéil

### **Governance Sub-committee**

Dr Angela Kerins (Chairperson)

Mr Gene Lambert

Ms Betty O'Leary

Mr Donie O'Shea

### **National Disability Strategy Sub-committee**

Mr Donie O'Shea (Chairperson)

Ms Siobhan Barron

Mr John Dolan

Ms Noreen Gildea

Mr David Joyce

Mr Christy Lynch

Ms Betty O'Leary



## **Advisory Committees**

### **Disability Research Ethics Committee**

Professor Jerome Bickenback (Chairperson)  
Ms Selina Bonnie  
Dr Ron Iphofen  
Dr Tim Jackson  
Ms Mairide Woods

### **Excellence through Accessibility Approvals Board**

Mr James McClean (Chairperson)  
Mr Colm Butler (resigned August 2008)  
Mr Frank Daly  
Mr Alexis Donnelly  
Ms Chrissie Keane  
Mr Micheal McDonnell  
Prof Barry McMullen (appointed November 2008)  
Ms Sarah Neary (resigned October 2008)  
Ms Fionnuala Rogerson  
Ms Angela Rolfe  
Mr John Wickham (appointed October 2008)

### **Mental Health Advisory Committee**

Mr Frank Flannery (Chairperson)  
Mr Alan Chapman  
Ms Finola Colgan  
Mr Mick Coughlan  
Mr Niall Keane  
Ms Michelle Kerrigan  
Ms Mary Keys  
Mr Tony Leahy  
Mr Louie Maguire (resigned July 2008)  
Ms Rose Marie Murphy (resigned October 2008)  
Ms Winifred O'Hanrahan  
Mr John Redican  
Ms Joan Regan

Mr John Saunders  
Dr Margaret Web

## **Appendix 2: NDA representation on external bodies in 2008**

### **Ageing Well Network**

#### **Association for the Advancement of Assistive Technology in Europe**

- Board

### **Building Regulations Advisory Board**

- Part M Working Group

### **Bus Éireann**

- Disability User Group

### **Citizens Information Board**

- Advisory Group on the Development of Guidelines on Access to Information for All

### **Commission for Communications Regulation (ComReg)**

- Consumer Panel
- Industry Forum on Services for People with Disabilities

### **Commission for Taxi Regulation**

- Taxi Advisory Council

### **Department of Enterprise, Trade and Employment**

- Consultative Forum on Employment of People with Disabilities

### **Department of the Environment, Heritage and Local Government**

- Disability Action Plan Advisory Committee
- National Advisory Group Developing a Housing Strategy for People with Disabilities
- Research sub-group
- Mental Health Protocol Sub-Group

**Department of Health and Children**

- National Disability Advisory Committee
- National Physical and Sensory Disability Database Committee

**Department of Justice, Equality and Law Reform**

- Equality-Proofing Working Group

**Department of Social and Family Affairs**

- Disability Consultative Forum

**European Commission**

- High Level Group on Disability

**Department of the Taoiseach**

- National Disability Strategy Stakeholder Monitoring Group
- Data Strategy Liaison Group

**Department of Transport**

- Marine Transport Forum
- Public Transport Advisory Committee (PTAC)

**Disability Federation Ireland (Dfi)**

- Housing Sub-group

**Equality Authority**

**EU Year of Equal Opportunities for All Advisory Committee**

**European Committee for Standardization (CEN)**

- Accessibility for All Working Group
- Quality Framework for Social Services Workshop

**European Concept for Accessibility Network**

**European Design for All eAccessibility Network**

- National Contact Centre

**FÁS**

- National Advisory Committee on Disability

**Health Information and Quality Authority (HIQA)**

- Standards Advisory Group on Designated Centres for People with Disabilities

**Health Service Executive (HSE)**

- Adult Day Services Review Group
- Assessment of Need Process Working Group
- Congregated Settings Working Group
- Disability Legislation Implementation Overseeing Group
- Child Health Research Forum
- National Office for Suicide Prevention Committee on Your Mental Health Campaign

**International Standards Organisation (ISO)**

- Ergonomics for People with Special Requirements
- Advisory Group for Accessible Design

**Irish eGovernment Awards**

- Judging Panel

**Irish Internet Association**

- User Experience Working Group

**Local Government Management Services Board (LGMSB)**

- National Disability Act Training and Communications Sub-group
- National Disability Act Steering Group
- National Disability Act Access Steering Sub-group

**National Council for Special Education**

- Board

**National Standards Authority of Ireland (NSAI)**

- Accessibility for All Standards Consultative Committee

**Office of Social Inclusion**

- Technical Advisory Group on Statistics

### **Railway Safety Commission**

- Railway Safety Council

### **Rehabilitation International/RI Europe**

### **United Nations**

- G3ICT

## **Appendix 3: NDA publications and submissions in 2008**

### **Publications**

Annual Report 2007

Draft Code of Practice on Accessible Heritage Sites

Effective Leadership and Organisational Culture for the Recruitment and Retention of People with Disabilities in the Public Sector

The Experiences of Students with Physical Disabilities in Second Level Schools

Monitoring Questionnaire: On the implementation of NDA's Code of Practice on Accessibility of Public Services and Information provided by Public Bodies

Promoting Safe Egress and Evacuation for People with Disabilities

2007 Report: Compliance with Part 5 of the Disability Act 2005

### **Submissions**

#### **Commission on Taxation**

- Review of Taxation

#### **Commission for Taxi Regulation**

- National maximum Taxi Fare Revision

**Department of Communications, Energy and Natural Resources**

- EU Commission review on the Regulatory Framework for Electronic Communications Networks and Services

**Department of Environment, Heritage and Local Government**

- Residential Development guidelines

**Department of Health and Children**

- Review of the Department of Health and Children's Sectoral Plan

**Department of Justice, Equality and Law Reform**

- Policy briefing paper to Minister on the abuse of people with disabilities

**Department of Social and Family Affairs**

- Review of Disability Allowance

**Development of a National Carer's Strategy**

**Department of Transport**

- Review of Sectoral Plan - Transport for All
- 2020 Vision - Sustainable Travel and Transport

# ÚNM Tuarascáil Bhliantúil 2008





# Tuarascáil Bhliantúil 2008

**PRN A9/0696**



# Clár

<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>92</b>
<b>Forbhreathnú 2008</b>	<b>96</b>
<b>Tosaíocht Straitéiseach 1</b>	<b>101</b>
Tacú le gníomhú éifeachtach faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais	
<b>Tosaíocht Straitéiseach 2</b>	<b>113</b>
Monatóireacht agus athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais	
<b>Tosaíocht Straitéiseach 3</b>	<b>117</b>
Ceisteanna leantacha agus ceisteanna a thagann chun cinn a bhaineann le polasaí agus le cleachtais do dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus comhairle a thabhairt ina leith	
<b>Tosaíocht Straitéiseach 4</b>	<b>127</b>
Treoracha, caighdeán agus cóid chleachtais a fhorbairt chun go mbeidh seirbhísí agus áiseanna ardchaighdeán ann do dhaoine faoi mhíchumas	
<b>Tosaíocht Straitéiseach 5</b>	<b>131</b>
Dícheall a dhéanamh na tosaíochtaí straitéiseacha go léir a bhaint amach agus feabhas a chur ar an gcumarsáid	
<b>Ráitis Airgeadais do 2008</b>	<b>137</b>
<b>Aguisíní</b>	<b>169</b>
1. Coistí ÚNM le linn 2008	
2. Ionadaithe ÚNM ar eagraíochtaí seachtracha le linn 2008	
3. Foilseacháin agus aighneachtaí ÚNM le linn 2008	

# Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain ghnóthach eile don Údarás Náisiúnta Míchumais a bhí sa bhliain seo a d'imigh thart. Leanamar den dul chun cinn suntasach maidir le go leor réimsí a bhaineann go díreach le saol daoine faoi mhíchumas, lena dteaghlaigh agus lena gcúramóirí i réimsí tábhachtacha a chuimsíonn taighde, forbairt polasaí, comhairle, caighdeán agus monatóireacht, nithe ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo.

Lean ÚNM dá chuid oibre trína mhandáid neamhspleách ó thaobh tacaíocht agus comhairle a sholáthar don Rialtas maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur i bhfeidhm i 2008 agus Éire ag dul i ngleic le méadú ar a deacrachtaí geilleagracha. Agus sinn ag aithint go bhfuil dúshlán do gach saoránach agus do gach seirbhís phoiblí ag baint leis na forbairtí sin, fáiltíonn ÚNM roimh ghealltanais leanúnach an Rialtais maidir leis an Straitéis sin a chur i bhfeidhm.

D'fhéach ÚNM chuige óna chuidse de go raibh a chomhairle bunaithe ar fhianaise agus í ina comhairle praiticiúil ábhartha faoi chúinsí athraithe agus thacaigh sé le thacaigh le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí poiblí le linn 2008 trí chaidreamh tráthrialta, trí ionchur i gcoistí monatóireachta, trí thacú le comhoibriú idir lucht leasmhara agus trí chabhrú le cur chuige struchtúrtha maidir le caidreamh le hearnáil an mhíchumais, trí óstáil a dhéanamh ar bhoird chruinne agus ar sheimineáir.

Tá cur síos sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn leanúnach ó thaobh príomhdhúshlán maidir le míchumas, chomh maith le cur síos ar an lear mór tionscadal núálacha agus tábhachtacha a ghlac ÚNM ar láimh le linn 2008. Áirítear ar na buaicphointí sin:

- Tacú leis an inrochtaineacht ó thaobh seirbhísí poiblí, trí oibriú in éineacht le hOifig Rochtana trí faisnéis agus comhairle phraiticiúil a sholáthar dóibh agus cabhrú leo dea-chleachtas a roinnt
- Treoirínthe agus seimineáir eolais a sholáthar i réimsí tábhachtacha spéise, ar a n-áirítear éalu sábháilte i gcás na práinne do dhaoine faoi mhíchumas

agus dea-chleachtas maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí

- An díospóireacht agus roinnt an tsaineolais a éascú trí dhíriú ar cheisteanna a bhaineann le níos mó ná Roinn amháin agus trí Chomhdháil Thaighde ÚNM 2008 um meabhairshláinte agus an córas ceartais choiriúil, ach go háirithe
- Feidhm reachtúil ÚNM a chomhlíonadh maidir le monatóireacht cód cleachtais trí mhonatóireacht ar an dóigh ina mbíonn an Cód reachtúil Cleachtais um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí á chur i bhfeidhm
- Saineolas a chruinniú sa Lárionad Foirfeachta mar thaca le timpeallachtaí arna ndearadh go huilíoch, mar aon le táirgí agus le seirbhísí a mbeidh daoine a bhfuil éagsúlacht mhór riachtanas rochtana acu i gcumas a rochtana

Thar ceann an Údaráis, is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a thug an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dúinn, agus is mór againn an tacaíocht sin, chomh maith leis an tacaíocht mhór a thug an tAonad um Chomhionannas Míchumais don Údarás ina chuid oibre.

Ó achtaíodh an tAcht um an Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, deich mbliana ó shin, aithnítear go bhfuil ÚNM ina acmhainn luachmhar don Rialtas, do chomhlachtaí poiblí, don phobal agus don earnáil dheonach. Bíonn tionchar mór ag a chuid taighde, a chuid comhairle agus a chuid saineolais ar pholasaí agus ar chleachtas, rud a théann i bhfeidhm ar shaol na mílte duine faoi mhíchumas agus ar shaol a dteaghlach in Éirinn. Tá ról fíorthábhachtach le himirt ag ÚNM mar phríomheagraíocht chomhairleach an stáit faoi chúrsaí míchumais agus ina ról reachtúil mar údarás lárnach a chabhraíonn leis an Rialtas polasaithe a chomhordú.

Sna deich mbliana seo a chuaigh thart, athraíodh ó bhonn tírdhreach an mhíchumais in Éirinn. Tá againn anois cuid den reachtaíocht is fearr ar domhan i gcoinne idirdhealú agus ar son gníomhú dearfach a chur chun cinn, chomh maith le caighdeáin seirbhísí ag teacht chun cinn, maidir leis na daoine is leochaillí a chosaint agus saoirse ag cách a gcearta a chleachtadh. Bhí ról ríthábhachtach ag ÚNM sna forbairtí sin agus is teist iad na héachta a cuireadh i gcrích ar shaothar lear mór daoine in earnáil an mhíchumais, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, chomh maith.

Eagraíocht láidir bheoga ardoilte le raidhse saineolais agus faisnéise is ea ÚNM. Tá sé fuinniúil agus solúbtha agus bíonn caidreamh aige le réimse ollmhór lucht leasmhara le linn dó a mhandáid á comhlíonadh. Chun go n-éireodh chomh maith sin leis, nlorbh fhéidir déanamh gan an comhoibriú agus an tacaíocht a bhíonn le fáil ag ÚNM ó réimse leathan daoine agus eagraíochtaí lenar chuir sé caidreamh agus páirtíochtaí den scoth ar bun, agus is mór againn é sin.

Ba mhian liom buíochas ar leith a thabhairt do gach comhalta agus iarchomhalta de bhord ÚNM a roinn a gcuid ama agus saineolais go fial chun an eagraíocht a thógaint agus a threorú ó lá a bhunaithe go dtí an eagraíocht láidir sin is ann di inniu, ar a bhfuil cáil na sármhaitheasa. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill na gCoistí Iniúchta, Airgeadais, Meabhairshláinte agus Eitice Taighde as ucht a gcuid ama a gcuid oibre, atá chomh luachmhar sin.

Ó cuireadh ÚNM ar bun, chuaigh a fhoireann i mbun a gcuid oibre le fonn, le héifeacht, le scil agus le dúthracht agus is maith atá buíochas mór agus creidiúint ag dul dóibh as a bhfuil bainte amach ag an Údarás.

Is údar mór mórtais dom an tuarascáil bhliantúil seo, arb é an ceann deiridh agamsa í, mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Míchumais, toisc go dtiocfaidh deireadh le mo thréimhse in oifig le linn 2009. Daoine faoi mhíchumas a bhíonn ag croílár obair an Údaráis de shíor, agus ba phríbhléid mhór domsa deis a bheith agam rannpháirtíocht a ghlacadh san obair éachtach a cuireadh i gcrích agus sa tionchar dearfa a imríodh ar an reachtaíocht, ar an bpolasaí agus ar na cláir a théann i gcion ar shaol na ndaoine sin.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine le gach cineál slí beatha a thug cabhair agus tacaíocht ar an oiread sin dóigheanna do shaothar an Údarás Náisiúnta Míchumais le linn mo ré mar Chathaoirleach, ó lá a bhunaithe go dtí an lá inniu. Rinne bhur dtacaíocht agus bhur saothar fíordhifriocht, rud is údar mór mórtais. Ba mhaith liom, ach go háirithe, buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí míchumais a raibh lámh acu sna hathruithe a baineadh amach.

Tá forbairtí suntasacha agus dul chun cinn suntasach feicthe againn le blianta beaga anuas, mar thoradh díreach na comhoibrithe agus na páirtíochta. Toisc taithí éagsúil ag daoine éagsúla, bhí tuairimí agus léargas éagsúla acu maidir le cur chuige agus níorbh éasca i gcónaí teacht ar chomhaontú. É sin ráite, creidim gur obair éachtach stairiúil atá sa doiciméad Equal Citizens a d'ullmhaigh an Grúpa Comhairleach do Reachtaíocht um Míchumas (DLCG), a dtugann ÚNM tacaíocht ghníomhach dó, agus gur chruthaithe sé sin cad is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn daoine ag obair i gcomhar. Tugtar aitheantas idirnáisiúnta anois don Straitéis Náisiúnta Míchumais a d'eascair as sin mar shamhail den dea-chleachtas de bharr na reachtaíochta, na bpolasaithe agus an chláir infheistíochta. Sna hamanna dúshlánacha seo ó thaobh an gheilleagair de, is gá dúinn leanúint ar aghaidh ag obair go dian in éineacht chun féachaint chuige go gcuirfear an Straitéis shuntasach cheannródaíochta sin i bhfeidhm agus go mbaintear a spriocanna amach go huile is go hiomlán.

Tá daoine faoi mhíchumas in Éirinn inniu níos uailmhianaí agus súil acu le níos mó agus tá deiseanna comhionannais níos mó ná mar a bhí riamh. Leagáid ollmhór í sin a d'fhág gach duine a rinne obair ar son an athraithe agus is bonn seasmhach é le tógaint air. Is mór mo mhuinín go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais de ról intreach a imirt maidir leis an athrú chun feabhais a chur chun cinn agus a chumasú agus go mbeidh tionchar leanúnach aige ar shaol daoine faoi mhíchumas ar feadh i bhfad.

Angela Kerins

Cathaoirleach

# Forbhreathnú – Míchumas in Éirinn 2008

Déantar cur síos in 8<sup>ú</sup> Tuarascáil Bhliantúil seo ÚMA ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2008 maidir lena Phlean Straitéiseach 2007 -2009 a chur i bhfeidhm laistigh dá fheidhmeanna reachtúla. Ina theannta sin, leagtar béim ar réimsí tábhachtach áirithe lena mbaineann forbairtí agus dúshlán maidir leis an míchumas in Éirinn. Seo leanas cuid de na réimsí tábhachtach ar a leagtar béim agus ar a ndéantar cur síos mionsonraithe sa tuarascáil seo. Lean ÚNM dá chuid oibre maidir le comhairle agus faisnéis neamhspleách údarásach a sholáthar do ranna rialtais agus do ghníomhaireachtaí rialtais maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur i bhfeidhm i réimsí tábhachtacha cumarsáide, fostaíochta, comhshaoil, sláinte, gnóthaí sóisialacha agus iompair. Ina theannta sin, d'eisigh sé a chéad cheistneoir monatóireachta chuig na comhlachtaí poiblí ar fad chun feidhmíocht a mheasúnú ó thaobh na rochtana faoin Chód reachtúil Cleachtais um Theacht ar Sheirbhísí Poiblí agus ar Eolas ó Chomhlachtaí Poiblí. D'fhoilsigh ÚNM an dara tuarascáil reachtúil dá chuid maidir le daoine faoi míchumas a fhostú san earnáil phoiblí, tar éis dó treoir a fhorbairt maidir le sonraí a bhailiú go héifeachtach agus go tráthúil agus de réir an dea-chleachtais sa réimse sin.

Díríodh sa chlár leantach um obair thaighde ar réimse cúrsaí, mar shampla, ar roghanna maireachtála do dhaoine faoi míchumas a scrúdú; ar nochtadh míchumas san ionad oibre agus ar mhianach na seirbhísí a bhaineann le máithreachais, le breith leanaí agus le tréimhse luath an mháithreachais maidir le mná faoi míchumas. Ina theannta sin, rinne ÚNM óstáil ar chomhdháil maidir “Tacú le Daoine le Deacrachtaí Meabhairshláinte sa Chóras Ceartais Choiriúil” a sholáthraigh deis do dhaoine tús a chur le díospóireacht agus le staidéar ar an dea-chleachtas sa réimse sin.

Chuaigh an Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch ÚNM i mbun oibre mar thaca le caighdeán a fhorbairt agus cur le feachtas faoin Dearadh Uilíoch i réimsí Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), an comhshaoil tógtha, táirgí agus seirbhísí.



Bhain 8 láithreán san earnáil phoiblí dámhachtainí amach faoin scéim Dámhachtainí Rochtain den Scoth. Léiríonn na dámhachtainí sin an leibhéal rochtana atá bainte amach i ngnéithe tábhachtacha de sheirbhísí comhlachtaí poiblí, ar a n-áirítear: foirgnimh agus áiseanna, foilseacháin, suímh idirlín, seirbhísí do chustaiméirí, acmhainní daonna agus gnáis a bhaineann le soláthar.

Ba í an bhliain 2008 an chéad bhliain iomlán maidir leis an leagan leasaithe leathnaithe den Chóras Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta (PMDS) a chur i bhfeidhm, agus lean ÚNM dá infheistíocht i bhforbairt agus in oiliúint lucht foirne. Tá tiomantas leanúnach ag ÚNM don nuálú agus don athrú agus tá coiste páirtíochta ÚNM mar thacaíocht chuige sin aige. Ag teacht leis na gealltanais maidir le Seirbhísí Comhroinnte sa Chomhaontú Náisiúnta Páirtíochta I dTreo 2016, úsáideann ÚNM na seirbhísí comhroinnte TFC, airgeadais agus párolla atá ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Fáiltíonn ÚNM roimh an réimse forbairtí dearfacha in Éirinn le linn 2008 maidir leis an glár oibre míchumais a chur chun cinn, ach go háirithe:

- An dul chun cinn leantach go dtí seo maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais agus na Pleananna Earnála, ar a n-áirítear:
- Rannpháirtíocht leanúnach ranna ó thaobh a bPleananna Earnála a chur i bhfeidhm
- Na struchtúir agus an creat tuairiscithe a cuireadh in áit chun maoirseacht agus monatóireachta a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Na hathbhreithnithe a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bun maidir le Seirbhís Lae d'Aosaigh agus Ionaid Chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas meabhrach, fisiciúil agus céadfaíoch
- An obair a chuir FSS ar bun maidir le measúnú riachtanas do leanaí faoi bhun 5 bliain d'aois
- An clár píolóiteach Gníomhachtaithe atá á reáchtáil ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- An dul chun cinn maidir le himscaradh busanna inrochtana agus carráistí inrochtana iarnróid; leasuithe ar an mbonneagar inrochtana iompair; an dá thionscnamh Clár Iompair Tuaithe agus muiriompair a leathnú

- An obair leantach ag na húdaráis áitiúla ó thagobh tionscnaimh maidir le míchumas agus inrochtaineacht a chur i bhfeidhm
- Bunú coiste idir-rannach a bhfuil an tAonad um Míchumas, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ina chathaoirleach air chun Coinbhinsiún um Chearta Daoine Míchumasaithe na Náisiún Aontaithe a dhaingniú
- An obair a chuir an Oifig um Chomhionannais, Míchumas agus Meabhairshláinte ar bun, faoi cheannas Aire Stáit ar a bhfuil freagracht i leith cúrsaí míchumais agus príomhsheirbhísí sa Roinn Sláinte agus Leanaí, sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Caighdeáin seirbhísí ar leith do dhaoine faoi mhíchumas á bhforbairt ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)
- Sonraí a bhaineann leis an Suirbhé Náisiúnta Míchumais arna bhfoilsíú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a sholáthraíonn bonn eolais maidir le planáil polasaithe a bhaineann le míchumas

## **Ceisteanna tábhachtacha a tháinig aníos le linn 2008**

### **Straitéis Náisiúnta Míchumais**

Eascróidh dúshlán maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais as staid reatha airgeadais na hearnála poiblí. Tá sé tábhachtach an fíor-dhul chun cinn i réimse an mhíchumais a chomhtháthú agus an leas is fearr a bhaint as an infheistíocht a rinneadh go nuige seo maidir le seirbhísí, tacaíochtaí agus saineolas a thógáil. San am atá amach romhainn, beidh béim ar a fháil amach conas luach níos fearr a bhaint as acmhainní reatha agus bealaí níos comhleanúnaí a aithint chun torthaí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sheachadadh.

### **Riachtanas a Mheasúnú**

Tá sé den tábhacht breith ar an méid atá foghlamtha as an Measúnú Neamhspleách Riachtanas agus Seirbhísí do leanaí faoi 5 bliain d'aois, mar bhonn eolais chun struchtúir agus próisis a fhorbairt mar thaca lena leathnú amach anseo go leanaí faoi 18 bliain d'aois agus go daoine fásta. Beidh sé den riachtanas struchtúir iomchuí a chruthú ar an leibhéal áitiúil, a bheidh in ann

próiseas éifeachtach éifeachtúil a bhainistiú agus a sheachadadh, mar thaca le córas aitheanta riachtanais do dhaoine faoi mhíchumais, cuma cén aois, agus mar thaca le seachadadh seirbhísí.

### **Straitéis Fostaíochta**

Tugtar aghaidh ar chúrsaí a bhaineann le daoine faoi mhíchumas a fhostú thar scata Ranna Rialtais, go príomha, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, in athbhreithnithe mar an tuarascáil OECD faoi íocaíochtaí míchumais, an taighde faoi choinneáil postanna agus obair an ghrúpa athbhreithnithe Seirbhísí Lae d'Aosaigh. Is féidir na hiarrachtaí sin ag fostóirí na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí a chur ag obair in éineacht chun cabhrú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta straitéis chuimsitheach fostaíochta a fhorbairt.

### **Cónaí i bPobal**

A riachtanaí is atá sé polasaí agus clár cuimsitheach éifeachtach náisiúnta a fhorbairt mar thaca le gluaiseacht ó áiseanna móra cónaithe go dtí tacaíochtaí aonair a chabhraíonn le daoine faoi mhíchumas cónaí sa phobal.

Leanfaidh ÚNM dá chuid oibre i bpáirt leis na páirtithe leasmhara ar fad chun comhairle a sholáthar maidir le polasaí agus cleachtas sna réimsí sin a fhorbairt.



# Tosaíocht

# Straitéiseach 1

# Tacú le gníomhú éifeachtach faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais

Cur chuige lán-Rialtais chun an clár oibre míchumais a chur chun cinn atá sa Straitéis Náisiúnta Míchumais a seoladh i 2004, agus chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas i ngnáthshaol shochaí na hÉireann a chur chun cinn. Is iad seo a leanas príomhghnéithe na Straitéise:

- An tAcht um Míchumas, 2005
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais, 2004
- Seirbhís Phearsanta Abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas, mar a fhoráiltear faoin Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2007
- Pleananna Reachtúla Earnála um míchumas maidir le sé cinn de phríomhranna rialtais
- Clár infheistíochta ilbhliana maidir le seirbhísí míchumais, go príomha, seirbhísí cúraim á maoiniú ag FSS, 2004-2009

I ngeall ar a thábhachtaí is atá an Straitéis Náisiúnta Míchumais, leagtar béim mhór straitéiseach in obair ÚNM ar thacaíocht chun an Straitéis sin a chur i bhfeidhm. Lean ÚNM le linn 2008 dá chuid oibre maidir le comhairle a chur ar fáil faoi mhionsonraí a bhaineann leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur i bhfeidhm, le béim ar leith ar obair i bpáirt le gach ceann de na sé ranna rialtais lena mbaineann Pleananna Earnála, in éineacht lena gcuid gníomhaireachtaí.

## Sláinte

Ball den Choiste Comhairleach um Míchumas sa Roinn Sláinte agus Leanaí is ea ÚNM. Sholáthraigh ÚNM comhairle don Oifig um Chomhionannas, Míchumas agus Meabhairshláinte agus don FSS i réimse cúrsaí, ar a n-áirítear

oibriú alt 13 den Acht um Míchumas maidir leis na riachtanais ar fad faoin Acht a mheas. Ina theannta sin, cuir ÚNM aighneacht i scríbhinn chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir leis an Athbhreithniú ar an bPlean Earnála um Shláinte.

Fuair ÚNM cabhair san obair sin óna Choiste Comhairleach um Meabhairshláinte, a raibh a chomhairle don Údarás mar chuid den bhonn eolais a bhí faoi aighneachtaí an Údaráis maidir leis na cúrsaí seo a leanas :

- An Plean Earnála atá ag an Roinn Sláinte agus Leanaí
- Athbhreithniú FSS ar Sheirbhísí Lae d'Aosaigh
- An Dréacht-Chód Cleachtais atá ag an gCoimisiún um Meabhairshláinte maidir le Treoir do Dhaoine ag obair i Seirbhísí Meabhairshláinte le Daoine Faoi Mhíchumas Meabhrach

Bhí ÚNM rannpháirteach i roinnt grúpaí oibre de chuid FSS, ina measc:

- **Athbhreithniú ar Sheirbhísí Lae d'Aosaigh**

Cuid den chlár oibre i gcomhair an athbhreithnithe sin ab ea comhairliúchán náisiunta poiblí, clár taighde, áireamh an tsoláthair reatha lae agus comhdháil aonlae faoi nuálú i soláthar seirbhísí. Ina theannta sin, chuir ÚNM aighneacht fhoirmeálta isteach faoin Athbhreithniú

- **Próiseas um Measúnú Riachanas**

Tá treoir arna bhforbairt ag an ngrúpa sin, a chlúdaíonn an próiseas measúnaithe agus pacáiste oiliúna dóibh siúd a bhíonn páirteach i soláthar measúnuithe faoin Acht um Míchumas, 2005. Tá treoir á forbairt ag an ngrúpa oibre sin, chomh maith, maidir le tuiscint i gcoitinne ar na léirmhíniúcháin a úsáidtear san Acht do na gairmeacha éagsúla a mbíonn measúnuithe á reáchtáil acu. Táthar ag súil go gcabhróidh an treoir sin le daoine cur chuige comhleanúnach a fhorbairt maidir le próiseas an mheasúnaithe.

- **Ionaid chónaithe**

Scrúdaigh an grúpa oibre FSS conas ab fhéidir cúram institiúideach i ngrúpaí de dheichniúr nó níos mó a mhalartú ar chúram sa phobal do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil, céadfaíoch nó meabhrach. Thairg ÚNM treoir

mhionsonraithe chun áireamh na n-áiseanna sin a dhearadh agus d'ullmhaigh páipéir maidir le taithí a bhain le dí-institiúidiú idirnáisiúnta agus maidir le modhanna costasaithe an ghrúpa.

## Fostaíocht

Lean ÚNM air ag cur comhairle ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi mhionsonraithe Straitéis um Chuimsitheacht Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas agus faoi thaighde coinneála post.

## Leas Sóisialach

Tá ÚNM ina chomhalta den Fhóram Comhairleach um Míchumas atá sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus, ina theannta sin, chuir comhairle faoi chúrsaí ábhartha ar fáil don Roinn ar bhonn leantach. Chomh maith leis sin, chuir ÚNM aighneachtaí foirmeálta i scríbhinn chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir leis an Athbhreithniú ar an Liúntas Míchumais agus maidir le Straitéis do Chúramóirí a fhorbairt.

Tá ÚNM ina chomhalta den ghrúpa comhairleach áitiúil a bhaineann le tionscadal na Roinne maidir le Gníomhachtú Míchumais, tionscadal atá maoinithe ag an AE mar pháilóta don chlár gníomhachtaithe a leagtar amach i gCaibidil 5 de Phlean Earnála na Roinne.

## Cumarsáid

Chuir ÚNM leis na comhairliúcháin maidir leis an gCreat AE atá molta i leith na cumarsáide agus le leathnú amach an pháilóta i dtaobh na teilifíse digití trastíre anseo in Éirinn. Rinne ÚNM óstáil ar dhá chruinniú a bhain leis an bhFóram Tionsclaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumais atá ag Rialálaí an Choimisiúin Cumarsáide (ComReg). Ar na príomhréimsí béime bhí tionscnamh atá á fhorbairt ag ComReg maidir leis an tionscnamh um billeáil ardcháilíochta, atá á pháilóttú anois i gcomhar le Feabhas Éireann (EIQA) agus le tionscal na teileachumarsáide.

Rinne ÚNM agus ComReg in éineacht óstáil ar bhricfeásta faisnéise do Phríomhfheidhmeannaigh thionscal na teileachumarsáide in Éirinn agus Seimineár i gcomhair lucht foirne ag obair sa tionscal maidir le Dearadh Uilíoch a dtáirgí, a seirbhísí do chustaiméirí agus a bhfaisnéise.



Chuir ÚNM comhairliúchán agus comhairle teicniúil ar fáil don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus do RTÉ i rith phíolóta na Teilifíse Digití Trastíre. Bhí an chomhairle sin dírithe ar dheardh boscaí bharr teilifíseán agus ar thacaíochtaí do ghnéithe ar nós treoracha clárúcháin leictreonacha inrochtana, cur síos inchloiste agus fotheidealú.

## Iompar

D'oibrigh ÚNM i gcomhpháirt leis an Roinn Iompair agus sholáthraigh comhairle maidir leis an bpróiseas don chéad Phlean Earnála ina dtugtar treoir mhionsonraithe maidir le hiompar poiblí do na paisinéirí ar fad. Ina theannta sin, sholáthraigh ÚNM comhairle maidir le dearadh stadanna cóiste don phiolótú cóistí inrochtana atá á phleanáil ag Bus Éireann.

D'oibrigh ÚNM go dlúth i gcomhar le rannóg na mara sa Roinn Iompair agus chuir leis an tuairisc cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le dul chun cinn agus ina raibh cur síos ar mholtaí chun feabhas a chur ar bhealaí rochtana bád, long, calafort agus le cuan. Ina theannta sin, sholáthraigh ÚNM comhairle maidir le hoiliúint ar fheasacht i dtaobh an mhíchumais i gcomhair oibríthe ártach agus iniúchtaí ártach roghnaithe a chuir an Roinn Iompair ar siúl.

D'oibrigh ÚNM in éineacht leis an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe agus sholáthraigh comhairle maidir leis an gclár forbartha scileanna tiománaithe i gcomhair feithiclí beaga seirbhíse poiblí.

## Tithíocht agus an Comhshaoil

Chuir ÚNM comhairle ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Plean Earnála na Roinne a chur i bhfeidhm
- Monatóireacht ar cé chomh maith is a chuireann údaráis áitiúla gníomhartha míchumais agus tionscnaimh inrochtana i bhfeidhm
- Athbhreithniú ar Chuid M de na Rialacháin Tógála
- Treoirínite maidir le Forbairtí Cónaitheacha
- Prótacal chun na socruithe maoinithe a rialáil maidir le soláthar maoinithe FSS mar thaca leantach costas, de réir mar is gá, do thionscadail tithíochta

sóisialaí a bhíonn á soláthar ag na hearnálacha deonacha agus comhoibrithe i gcomhair daoine faoi mhíchumas.

- Measúnú ar Riachtanais Tithíochta daoine faoi mhíchumas
- Cur chuige bainistithe cás maidir le measúnú riachtanas tithíochta agus tacaíochta do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte
- Cúrsaí crosghearrtha ar a n-áirítear an comhéadan idir na rólanna a imríonn údaráis tithíochta agus ról FSS; an comhéadan idir iompar inrochtana agus bonneagar inrochtana; agus an comhéadan idir treoirlínte bainistithe tráchta agus an teimpléad um bóithre agus sráideanna inrochtana arna fhorbairt ag Bord Bainistíochta na Seirbhísí Rialtais Áitiúil, le rannpháirtíocht ÚNM.

Tá ÚNM ina chomhalta den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta atá ag ullmhú Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. Ina theannta sin, tá ÚNM ina chomhalta den choiste Míchumais atá ag an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil, a chuireann comhairle ar údaráis áitiúla maidir le conas Plean Earnála na Roinne a chur i bhfeidhm.

## **Monatóireacht ar Chuid 5 den Acht um Míchumas maidir le Fostaíocht Seirbhíse Poiblí do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Ba i an bhliain 2008 an dara bliain iomlán de ról reachtúil ÚNM maidir le monatóireacht a dhéanamh ar Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005. Tá ceangal ar chomhlachtaí poiblí fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí agus tuairisc a thabhairt maidir lena sprioc 3% den lucht foirne a bheith ina ndaoine faoi mhíchumas.

Rinne ÚNM anailís ar cé chomh maith is a d'éirigh le gnó na monatóireachta i 2007 (i gcónard le feidhmíocht 2006), le haird ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Rinne ÚNM leasú ar na teimpléid reachtúla tuairisceoireachta maidir le géilliúlacht a mheas, d'fhon a chinntiú go mbeidís níos éasca do chomhlachtaí poiblí agus do ranna rialtais iad a láimhseáil. Fuair na foirmeacha leasaithe formheas ón Aire sular scaipeadh iad.

D'oibrigh ÚNM go dlúth i gcomhar le comhlachtaí poiblí agus le coistí reachtúla monatóireachta i ranna rialtais, ag soláthar comhairle agus tacaíocht

dóibh agus ag moladh modhanna modhanna bailithe na sonraí a theastaíonn chun géilliúlacht a mheasúnú. Ina theannta sin, rinne ÚNM athleasú ar na hábhair a mholann sé a bhailiú maidir le tuairisciú i 2007. Rinneadh na hathruithe sin a dhearadh chun an próiseas bailithe sonraí a shimpliú do gach fostaí de chuid na seirbhíse poiblí. Mhol ÚNM daonáireamh aoncheiste a ghlacadh den lucht foirne ar fad.

Leagtar béim i dtuairisciú ÚNM don bhliain 2007 ar shamplaí den dea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí. Is féidir roinnt tátal a bhaint as, mar shampla, an nasc idir timpeallacht i bhfách lucht míchumais a fhorbairt agus céatadán níos airde daoine faoi mhíchumas i bhfostaíocht. Bhí na rátaí freagartha níos fearr ná mar a bhí i gcomhair 2006. Ba chóir go mbeadh tuairiscí feabhsaithe 2007 mar bhunlíne don phróiseas amach anseo.

Ciallaíonn na sonraí a fuarthas gur éirigh le 51% de na comhlachtaí poiblí an sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach nó a shárú. Bhí 11% eile de na comhlachtaí sin a raibh idir 2% agus 3% dá lucht foirne ina ndaoine faoi mhíchumas. Ceann amháin as ceathair a thuairiscigh nach raibh duine ar bith faoi mhíchumas ar a bhfoireann. Eagraíochta beaga (50 fostaí nó níos lú) ab ea an chuid is mó de na heagraíochtaí sin.

Mar thaca lena chuid oibre chun an sprioc 3% sin a bhaint amach, rinne ÚNM óstáil ar sheimineár dea-chleachtas do chomhlachtaí poiblí. Ina theannta sin, ghlac ÚNM taighde ar láimh, a fhoilseofar i 2009, chun méar a dhíriú ar na bacanna maidir le stádas míchumais a nochtadh, toisc gurb é sin is cúis phríomha le tuairisciú gan a bheith leordhóthaineach. Ina theannta sin, chuir ÚNM le foirmiú comhairle maidir le modh chun breithiúnas a thabhairt ar cé chomh géilliúil nó chomh neamhghéilliúil is atá comhlacht poiblí, de réir Cuid 5 faoi Alt 49 den Acht. Is féidir an measúnú sin a dhéanamh tar éis dhá bhliain i ndiaidh a chéile. Tá an chumhacht ar fad ag ÚNM, le toiliú an Aire a bhaineann le hábhar, bearta a shannú chun géilliúlacht a chinntiú agus tá ceangal ar chomhlacht poiblí déanamh de réir iarratas maidir leis na bearta sin.

## **Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch (CEUD)**

Bhí an obair sa Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch dírithe i 2008 ar na príomhréimsí seo a leanas: an timpeallacht thógtha; teicneolaíochtaí faisnéise cumarsáide (TFC); táirgí agus seirbhísí.

## Comhdháil “An Chathair agus a Rochtain” Conference

Rinne ÚNM óstáil i gcomhair le Comhairle Cathrach Átha Cliath ar chomhdháil idirnáisiúnta “An Chathair agus a Rochtain” maidir le deachleachtas san inrochtaineacht uilíoch. Ba í aidhm na comhdhála sin léiriú a thabhairt ar conas mar is féidir le Dearadh Uilíoch an saol a éascú chomh mór agus is féidir ó thaobh cuairt a thabhairt ar chathracha agus ar bhailte nó cónaí iontu. Scrúdaigh an chomhdháil an iliomad bealach éagsúla inar féidir le cumarsáid arna dearadh go huilíocht cabhrú le saoránaigh agus le cuairteoirí a mbealach a dhéanamh trí bhailte agus trí chathracha, córais iompair phoiblí a úsáid agus teacht ar ghníomhaíochtaí turasoíreachta. Ar an lucht freastail bhí oifigigh rialtais, lucht ollscoile sinseartha, ionadaithe tionsclaíochta, daoine gairmiúla agus ionadaithe de chuid eagraíochtaí míchumais agus comhlachtaí gairmiúla as an Spáinn, an Ghearmáin, an Ioruaidh, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Rinneadh an chomhdháil ceiliúradh ar chruinniú cinn bhliana Cathracha Faireachlainne agus Bailte Faireachlainne na hEorpa do Chách.

## An Comhshaol Tógtha

Dhírigh an Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch a chuid oibre maidir leis an Dearadh Uilíoch sa Chomhshaol Tógtha ar na réimsí seo a leanas:

- Athbhreithniú ar fhoilseachán ÚNM **Building for Everyone** (2002). Naoi leabhrán a bheidh san athbhreithniú sin maidir leis an gcomhshaol tógtha agus seachtrach, a chluódoidh, faoi seach, príomhréimsí spéise ailtirí, dearthóirí agus daoine i gcoitinne agus a thabharfaidh isteach forbairtí nua maidir le modhanna tógála, le hábhair, le sonraíochtaí agus le teicneolaíocht
- Dul i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil maidir leis an athbhreithniú ar Chuid M agus maidir leis an Measúnú Reachtúil Tionchair atá le foilsiú mar aon le Cuid M arna leasú

## Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Seol ÚNM a shuíomh idirlín um dhearadh uilíoch ag <http://www.universaldesign.ie>. Úsáideadh próiseas deartha ina raibh a lucht úsáidte ag a lár chun an suíomh idirlín sin a fhorbairt agus soláthraítear cabhair a rochtana trí mhodhanna éagsúla, HTML agus glór-aschur san áireamh. Tá an suíomh idirlín ag feidhmiú anois mar an phríomhuirlis atá ag an Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch chun eolas a dháileadh ar lucht tionsclaíochta,

ar mhic léinn, ar lucht foirne ollscoile agus orthu siúd a bhíonn ag obair ar chaighdeán maidir leis an Dearadh Uilíoch sna réimsí TFC, Táirgí agus Seirbhísí agus sa Chomhshaol Tógtha.

Rinneadh Lárionad Náisiúnta Teagmhála na hÉireann don Ghréasán r-Rochtana um Dhearadh Eorpach (EDeAN) den Lárionad Foirfeachta i nDearadh. Gréasán I60 eagraíocht i mballstáit AE is ea EDeAN. Déanann Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch liosta comhrá ag <http://list.universaldeisgn.ie> a bhainistiú agus a riaradh. Cuireann sé sin fóram ar fáil chun faisnéis a roinnt idir lucht ollscoile, cleachtóirí, mic léinn agus daoine a bhíonn ag cur inrochtaineacht TFC agus Dearadh Uilíoch chun cinn.

Bhí an Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch rannpháirteach le linn 2008 i bhfóraim éagsúla a bhaineann le TFC na tionsclaíochta agus le dámhachtainí, ina measc:

- Rannpháirtíocht i nGrúpa Oibre um Chleachtadh Úsáideoirí Chumann Idirlín na hÉireann Irish (IIA). Labhair ionadaí on Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch ag seimineár IIA maidir le "**Suíomh Idirlín Foirfe Earnála Poiblí A Thógáil**" a bhain le feabhas a chur ar an dóigh a gcaitear le húsáideoirí agus ar inúsáidteacht suímh idirlín do chách
- Thug léiriú do Sholáthraithe Seirbhísí Airgeadais maidir le "**Dearadh Uilíoch Córas r-Íocaíochtaí**" ag Fóram Airgid Dhigitigh na Ríochta Aontaithe, agus maidir le córais r-íocaíochta a dhéanamh níos inúsáidte ag cách, bunaithe ar threoirínthe inrochtaineachta Cátaí Cliste CEUD
- Chuir léiriú maidir le hinrochtaineacht an idirlín i láthair ag seimineár le Cumann Ríómhaireachta na hÉireann
- Mar chuid de Sheachtain Dearadh na hÉireann, reáchtáil ÚNM "**Seimineár Cátaí Cliste Uilíocha agus Ceardlann Dearaidh Chuimsithigh**". Ar imeachtaí an lae sin bhí cainteanna ó shaineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta maidir le hinrochtaineacht agus le hinúsáidteacht córas Cátaí Cliste agus mar bhuaic ar na himeachtaí sin bhí ceardlann ina bhfuair mic léinn, múinteoirí ollscoile agus cleachtóirí deis dul i ngleic "de lámh" le heisiacht dearaidh agus réitigh a chumadh maidir le dearadh trealamh éagsúla leictreonach do thomhaltóirí

## Táirgí agus Seirbhísí

Cuireadh tús le hobair maidir le Dearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs táirgí agus seirbhísí a fheabhsú trí gníomhaíochtaí agus cur chuige éagsúla a bhain le hoideachas agus feasacht.

Comhoibriú le teagascóirí in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, Sráid Chaoimhín, in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na Ollscoile, Corcaigh, chun míreanna Dearadh Uilíoch a shníomh isteach ina gcúrsaí teagaisc reatha.

Chuimsigh gníomhaíochtaí feasachta comhoibriú ÚNM leis an Lárionad um Thaighde agus Forbairt um Dhul in Aois in Éirinn (CARDI), le hInstitiúid Dearthóirí na hÉireann (IDI) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) chun óstáil a dhéanamh ar dhá cheardlann agus ar chomhdháil idirnáisiúnta amháin. Chuir na himeachtaí sin leis an bhfeasacht maidir le Dearadh Uilíoch agus le hobair an lárionaid i 2008 agus leis an spreagadh chun gréasáin nua a chruthú i 2009.

## Dearadh Uilíoch – Taighde

- Rinneadh taighde a choimisiúnú maidir leis na nithe a chuireann bac ar an Dearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm i dtionscadail a bhaineann le dearadh uirbeach. Déanfar an saothar sin a chur i gcrích agus a fhoilsiú i 2009
- Rinneadh staidéar taighde a choimisiúnú i gcomhpháirt le hOllscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) chun creat a bhunú agus rian chun ardchéime maidir leis an Dearadh Uilíoch sa churaclam innealtóireachta agus deartha

## Dearadh Uilíoch - Caighdeán

- Ta cathaoirleacht ag ÚNM ar an gCoiste Comhairleach um Chaighdeán Inrochtaineachta do Chách (AASCC) atá ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Rinne ceann de ghrúpaí oibre an choiste sin, WGI - an Comhshaol Tógtha, athbhreithniú leathan ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thógáil Foirgintí – Inrochtaineacht agus inúsáidteacht an Chomhshaoil Thógtha (ISO/TC 59/SC 16N 60) atá mar chuid de phróiseas athbhreithnithe domhanda i gcomhar le hEagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta (ISO)

- Tá ionadaíocht ag ÚNM ar choistí teicniúla agus ar ghrúpaí oibre Eagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta (ISO) agus Choiste na gCaighdeán Eorpacha (CEN). Bhí a réimsí fócais dírithe ar Threoir 71 ISO agus ar Threoir 6 CEN mar threoir do lucht cruthaithe caighdeán maidir le conas riachtanais daoine aosta agus daoine faoi mhíchumas i gcaighdeáin nua agus i gcaighdeáin leasaithe
- Chabhraigh ÚNM le Comhaontú um Chreat de chuid an Choiste Caighdeán Eorpacha (CEN) a fhorbairt, le NSAI mar éascaitheoir agus le treoirlínte agus curaclam a fhorbairt chun daoine gairmiúla a oiliúint maidir le Dearadh Uilíoch sa TFC
- Tá ÚNM ag tacú le forbairt an bhosca uirlise r-Inrochtaineachta do lucht déanta polasaí ó pháirtithe stáit Náisiún Aontaithe bainteach leis na hoibleagáidí r-Inrochtaineachta fao Choinbhinsiún na NA maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas. Comhthionscadal de chuid Chomhghuallaíocht Dhomhanda TFC na Náisiún Aontaithe (G3ict) agus Cheardchumann Idirnáisiúnta na Teileachumarsáide, a sheolfar i 2009
- Chuir ÚNM aighneacht maidir le caighdeáin soláthraithe TFC isteach faoi Dhréacht-Thuarascáil Theicniúil ETSI DTR 102 612: "Human Factors (HF); European accessibility requirements for public procurement of products and services in the TFC domain (Mandáid M 376 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, Céim I)"





# Tosaíocht

# Straitéiseach 2

# Monatóireacht agus athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais

At teacht lena thábhachtaí is atá an Straitéis Náisiúnta Míchumais, bhí fócas ÚNM le linn 2008 ar conas atá an Straitéis sin á cur i bhfeidhm. Sholáthraigh ÚNM comhairle mhionsonraithe a úsáideadh chun próiseas tuairiscithe níos sruthlínithe a ghlacadh maidir leis an dul chun cinn faoin Straitéis seo.

Ina theannta sin, d'oibrigh ÚNM go dlúth i gcomhar leis na sé ranna lena mbaineann Pleananna Earnála agus tá ionadaíocht aige ar na coistí ar leith sna ranna sin, a thagann le chéile faoi dhó sa bhliain, ar a laghad, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ag leibhéal na roinne de agus sna comhlachtaí a bhíonn faoina gcoimirce.

## **Grúpa Monatóireachta na Straitéise Náisiúnta Míchumais**

Tá ÚNM mar chathaoirleach, in éineacht le Roinn an Taoisigh, ar Ghrúpa Monatóireachta Pháirtithe Leasmhara na Straitéise Náisiúnta Míchumais, a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais i gcoitinne.

Scaip ÚNM páipéir roimh gach cruinniú inar leagadh béim ar cheisteanna tábhachtacha maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, chuir ÚNM páipéar faoi bhráid an ghrúpa monatóireachta maidir leis an dóigh is fearr chun torthaí na straitéise a mheas. Scrúdaíodh sa pháipéar sin cons ab fhearr an cinn maidir leis na Spriocanna Ard-Leibhéal a bhain leis an míchumas a leagadh síos in I dTreo 2016 a thomhas, bunaithe, chomh fada is dob fhéidir ar na suirbhéanna atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ann agus ar fhoinsí sonraí oifigiúla eile.

**Grúpa na bPáirtithe Leasmhara Míchumais**

Tá Grúpa na bPáirtithe Leasmhara Míchumais, faoi Chathaoirleacht ÚNM, ina bhall de Grúpa Monatóireachta Pháirtithe Leasmhara na Straitéise Náisiúnta Míchumais.

Tá ÚNM ag leanúint de rúnaíocht a sholáthar do Ghrúpa na bPáirtithe Leasmhara Míchumais, atá comhdhéanta de Chónaidhm na hÉireann um Míchumas, Cuimsiú Éireann, Meabhairshláinte Éireann, Cónaidhm Náisiúnta na nEagraíochtaí Deonacha, Gan Beann ar Bhrabús agus Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn.



# Tosaíocht

# Straitéiseach 3

# Ceisteanna leantacha agus ceisteanna a thagann chun cinn a bhaineann le polasaí agus le cleachtais do dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus comhairle a thabhairt ina leith

Chuir ÚNM réimse oibre i gcrích timpeall na tosaíochta tábhachtaí seo, feachtas náisiúnta feasachta um dhearcadh san áireamh; seimineáir agus comhdháil i réimse na meabhairshláinte agus tionscadail shuntasacha taighde maidir le bailiú sonraí agus le maireachtaint go neamhspleách; toircheas agus nochtadh míchumais le linn oibre. Agus torthaí na tosaíochtaí sin á seachadadh ag ÚNM, bhí sé rannpháirteach i bpáirtíochtaí le soláthraithe seirbhísí agus le heagraíochtaí eile maidir le cúrsaí míchumais.

## **Dearcadh i leith na Meabhairshláinte**

Chaith taighde ÚNM i 2006 solas ar dhearcadh an phobail i leith daoine faoi mhíchumas mar an bac is mó ar a shníomh isteach go hiomlán i réimsí oideachais, fostaíochta, tithíochta agus caidrimh.

Reáchtáil ÚNM feachtas náisiúnta fógraíochta den chéad uair tar éis Nollaig 2007, a bhí dírithe ar thionchar a imirt ar dhearcadh an phobail i leith daoine le deacrachtaí meabhairshláinte. Ar a lorg sin, rinne ÚNM coimisiúnú ar

mheasúnú neamhspleách ar leibhéal feasachta an phobail agus ar thionchar ar bith a d'fhéadfadh an feachtas ilmheán sin a imirt ar eolas agus ar dhearcadh an phobail i leith cúrsaí meabhairshláinte. Ba é toradh an mheasúnaithe sin ná gur éirigh go maith leis an bhfeachtas fógraíochta sin. Bhí 1.2 milliún duine in ann na fógraí a thabhairt chun cuimhne, agus bhí lear suntasach díobh a bhain na teachtaireachtaí ábhartha cumarsáide as na fógraí sin agus go leor a thug le fios gur tháinig feabhas ar a ndearcadh i leith daoine le deacrachtaí meabhairshláinte. Dá thoradh sin, chuir ÚNM an feachtas ilmheán ar siúl an athuir i Mí na Bealtaine 2008. Tá ÚNM buíoch de na daoine a ghlac páirt sna fógraí, daoine agá raibh taithí dhíreach ar dheacrachtaí meabhairshláinte.

### **Drochíde tugtha do dhaoine faoi mhíchumas**

Chuir ÚNM pápéar mionteagaisc um polasaí faoi bhráid an Aire, ina raibh achoimre den fhianaise maidir le daoine faoi mhíchumas a bheith níos mó i gcontúirt na drochíde ná daoine eile sa phobal i gcoitinne, agus maidir le ceisteanna ag eascairt as sin. Sa pháipéar sin, cuireadh an fhadhb sin i gcomhthéacs ghealltanais idirnáisiúnta na hÉireann maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus maidir le Plean Gníomh Míchumais Chomhairle na hEorpa. Bhí cur síos i bpáipéar ÚNM ar an mbonneagar reatha chun daoine faoi mhíchumas a chosaint, agus chuir é sin i gcomparáid leis an gcóras níos forbartha atá anois in áit i gcomhair leanaí agus maidir le drochíde seanóirí. Tá ÚNM anois ina chomhalta den eagraíocht chomhairleach COSC, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne, a bhfuil straitéis náisiúnta drochíde á forbairt aici.

Leanadh den obair réamhullmhúcháin maidir le Staidéar Náisiúnta um Dhrochíde Daoine faoi Mhíchumas. Chuimsigh an obair sin athbhreithnithe ar shaothar ábhartha foilsithe, ar nascanna a fhorbairt le taighdeoirí eile sa réimse sin agus i réimsí gaolmhara eile in Éirinn agus thar lear agus Coiste Sainchomhairleach a bhunú chun an obair a mhaoirsiú agus comhairle a sholáthar ina leith. Reáchtáil ÚNM ceardlann i Mí na Samhna ar ar fhreastal comhaltaí an Choiste Sainchomhairleach, mar aon le saineolaithe eile, chun ceisteanna modheolaíochta a scrúdú maidir leis an staidéar sin.

## **Ionadaíocht agus Léiriú daoine faoi mhíchumas i gCraolacháin Éireann**

Lean ÚNM dá chuid oibre i bpáirtíocht le Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) maidir le hionadaíocht agus le léiriú daoine faoi mhíchumas i meán chraolta na hÉireann. B'shin an chéad uair gur scrúdaíodh an cheist sin i gcomhthéacs Éireannach. Rinne BCI agus ÚNM coimisiúnú ar trí thionscadal neamhspleách taighde maidir le hionadaíocht agus le léiriú daoine faoi mhíchumas sa chraoltóireacht:

- Athbhreithniú ar reachtaíocht, ar pholasaí agus ar chleachtas i ndlínsí eile
- Suirbhé ar dhearcadh mhuintir na hÉireann maidir le léiriú daoine faoi mhíchumas in Éirinn
- Anailís ar ábhar agus ar dhioscúrsa i gCraoltóireacht na hÉireann

Sholáthraigh a dtorthaí in éineacht léargas nua ar ionadaíocht agus ar léiriú daoine faoi mhíchumas i gCraoltóireacht na hÉireann. Foilseofar an taighde sin go luath i 2009 agus soláthróidh sé sin bonn ar a mbunófar treoirlínte deonacha maidir le hionadaíocht agus le léiriú daoine faoi mhíchumas sa chraoltóireacht i bPoblacht na hÉireann.

## **Seimineár maidir le Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Míchumas agus an Straitéis Náisiúnta Míchumais**

Reáchtáil ÚNM seimineár chun chur le feasacht daoine maidir le Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Míchumas agus conas a cheanglaítear é sin leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais. Sa Ghailimh a reáchtáladh é agus bhí sé dírithe ar eagraíochtaí míchumais i gceantar an iarthair, mar lucht éiste.

## **Bord cruinn maidir le Scéim an Bhille um Chumas Meabhrach**

Reáchtáil ÚNM cruinniú bord cruinn le roinnt saineolaithe agus ionadaithe míchumais i Mí na Nollag maidir le Scéim an Bhille um Chumas Meabhrach, a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i Meán Fómhair 2008. Chuir an díospóireacht sin le tuairimíocht ÚNM agus lena aighneacht fhoirmeálta maidir lei Scéim an Bhille.



## **Cónaí sa Phobal**

Leanadh le linn 2008 den chlár oibre leantach maidir le roghanna cónaithe sa phobal do dhaoine faoi mhíchumas a scrúdú. Sholáthraigh cuairteanna ar láithreáin sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá deiseanna luachmhara chun samplaí den chleachtas is fearr a fheiscint agus chun tuairimí lucht coimisiúnaithe agus soláthraithe seirbhíse a chlos den chéad uair, cé chomh maith is a d'éirigh leo daoine faoi mhíchumas a aistriú amach as áiseanna institiúidí móra go dtí tacaíochtaí aonair sa phobal.

Soláthraíodh taighde mar thacaíocht do Ghrúpa Oibre Ionad Cónaithe FSS le linn 2008, chun próifílú a dhéanamh ar an chuid den daonra le deacrachtaí intleachta, fisiceach agus céadfaíoch ar fud na tíre, a chónaíonn in ionaid chónaithe. Tá súil le tuarascáil mhionsonraithe FSS ar na torthaí sin go luath i 2009.

Téama tábhachtach ag ÚNM is ea an Cónaí Neamhspleách. I láthair na huaire, tá athbhreithniú ar siúl ar bhonn na fianaise maidir le cóiríocht ar nós campais, i gcónard le tithíocht scaipthe. Ina theannta sin, tá ullmhúchán ar siúl cheana féin maidir le Comhdháil 2009, ina dhíreofar ar roghanna um Chónaí Neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar taispeáint.

## **Straitéis Sonraí**

Chuir ÚNM tús leis an obair maidir le Straitéis Sonraí, le treoir ó Ghrúpa Liaison Straitéis Sonraí Oifig an Taoisigh i 2008. Tá an straitéis sin dírithe ar liosta cuimsithe foinsí sonraí faoi dhaoine ag obair i réimse an mhíchumais a sholáthar. Go nuige seo, tugadh cuireadh do ranna rialtais, do chomhlachtaí poiblí agus do ghníomhaireachtaí ábhartha eile méar a dhíriú ar fhoinsí ábhartha sonraí.

## **Ag Tacú le Daoine le Deacrachtaí Meabhairshláinte sa Chóras Ceartais Choiriúil**

D'aithin ÚNM an réimse seo mar thosaíocht le himfhiosrú taobh istigh dár bPlean Taighde Oibríochta 2007 -2009. Chuige sin, rinne ÚNM óstáil ar chruinniú bord cruinn le príomhpháirtithe leasmhara i mí Feabhra chun na príomhcheisteanna agus na príomhbhchonstaicí maidir le seirbhísí ardcháilíochta do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte sa chóras ceartais

choiriúil. Ar na nithe a d'eascair as an mbord cruinn bhí cinneadh a glacadh 7<sup>ú</sup> Comhdháil Bhliantúil Taighde ÚNM a dhíriú ar an téama sin chun deis eile a thabhairt do dhaoine dea-chleachtas sa réimse seo a phlé agus a scrúdú.

Ba é teideal na Comhdhála ná 'Ag Tacú le Daoine le Deacrachtaí Meabhairshláinte sa Chóras Ceartais Choiriúil: mar a insíonn an fhianaise dúinn'. I measc na bpríomhchainteoirí bhí an tOllamh Harry Kennedy, Stiúrthóir, An Príomh-Ospidéal Meabhairghalar, Baile Átha Cliath; Ben Uasal Nielson, Leas-Stiúrthóir Feidhmeach, Statewide Forensic Mental Health, Justice Health, New South Wales, An Astráil; An Breitheamh Ginger Lerner-Wren, Broward County, Florida, SAM; An tOllamh Charlie Brooker, Professor of Mental Health and Criminal Justice, University of Lincoln, An Ríocht Aontaithe; An tOllamh Nancy Wolff, Stiúrthóir, Centre for Mental Health Services & Criminal Justice Research Rutgers, Ollscoil Stáit New Jersey; agus Fergal Uasal Black, Stiúrthóir Chúram Sláinte, Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Timpeall 200 toscaire a bhí ag an gcomhdháil lae sin.

### **Seimineár Scoláireachtaí**

Lean ÚNM dá chuid oibre maidir le tacú le deiseanna plé agus malartú tuairimí idir comhlachtaí poiblí trí seimineár a óstáil chun scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ag comhlachtaí poiblí mic léinn iarchéime a mhaoiniú. Chuir Dipta Pandya, Stiúrthóir Comhairle na hÉireann um an Léann Daonna agus na hEolaíochtaí Sóisialacha (IRCHSS), mar aoichainteoir, fáilte roimh an deis sin teagmháil le comhlachtaí poiblí agus saineolas IRCHSS a roinnt.

### **Míchumas a Nochtadh san Ionad Oibre**

Rinne ÚNM taighde a choimisiúnú maidir le míchumas a nochtadh san ionad oibre. Bhí an taighde sin dírithe ar trí ghné maidir lena nochtadh:

- dearcadh daoine faoi mhíchumas atá fostaithe san earnáil phoiblí
- córas monatóireachta fostaíochta ÚNM agus conas é a fheabhsú
- toscaí san ionad oibre a chabhraíonn le daoine nó a chuireann bac orthu míchumas a nochtadh

- Cuireadh athbhreithniú i gcrích maidir le saothar foilsithe ar an téama sin, chomh maith. Táthar ag súil leis an tuarascáil deiridh a chríochnú go luath i 2009

### **Athbhreithniú ar sheirbhísí arna maoiniú go poiblí do mhná faoi mhíchumas maidir le toircheas, le breith linbh agus le luathmháithreachas**

Soláthraíonn an tAcht um an Údarás Náisiúnta Míchumais (1999) ról do ÚNM maidir le cáilíocht na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a scrúdú agus a chur chun cinn. De bhun athbhreithniú a rinneadh ar an saothar foilsithe maidir le bearnaí polasaí agus taighde do mhná faoi mhíchumas, rinne ÚNM taighde a choimisiúnú i 2007 maidir le cáilíocht na seirbhísí do mhná faoi mhíchumas maidir le toircheas, le breith linbh agus le luathmháithreachas. Ba í an bhliain 2008 an chéad bhliain iomlán den tionscadal taighde 2 bliana sin, atá á reáchtáil ag an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Táthar tar éis athbhreithniú ar shaothar foilsithe agus ar cháipéisíú polasaí, suirbhé aonad máithreachais san áireamh, a thiomsú. Táthar fós ag cur mná faoi mhíchumas faoi agallamh maidir le conas a chaith na seirbhísí máithreachais leo. Tá an tionscadal sin ar siúl mar thionscnamh i gcomhar le Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn.

### **Suirbhéan Gharda Síochána um Dhearcadh an Phobail**

D'éirigh le hÚNM táscairí míchumais a chur isteach i Suirbhé 2008 an Gharda Síochána um Dhearcadh an Phobail agus d'fhoilsigh Aonad Taighde an Gharda Síochána na torthaí a bhain leis sin i dtuarascáil faoin teideal 'Suirbhé an Gharda Síochána um Dhearcadh an Phobail: Freagróirí faoi Mhíchumas'. Cabhraíonn na torthaí sin linn eolas a fháil faoi leibhéal na sástachta i measc daoine faoi mhíchumas maidir leis an tacaíocht a bhíonn le fáil acu ón nGarda Síochána. Ina theannta sin, cuireann torthaí an tsuirbhé ar ár gcumas anailís a dhéanamh ar leibhéal agus ar chineál an fhoréigin a imrítear ar dhaoine faoi mhíchumas, i gcónard le daoine nach mbíonn faoi mhíchumas. Ba é 80% leibhéal na sástachta i gcoitinne i measc na bhfreagróirí maidir le seirbhís an Gharda Síochána, rud atá atá gar go leor le leibhéal na sástachta i measc na bhfreagróirí nár thuairiscigh míchumas ar bith a bheith ag baint leo (81%). Thuairiscigh de na freagróirí a bhí faoi mhíchumas gur íospairtigh i gcoir iad le linn na bliana roimhe sin iad, i gcónard le 6.7% de na freagróirí nach raibh faoi mhíchumas. Thug 46% de na freagróirí faoi mhíchumas le fios go raibh imní

orthu go ndéanfaí íospairtigh i gcoir díobh, i gcónard le 37% de na freagróirí nach raibh faoi mhíchumas.

### **Páirtíocht leis an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime**

Tá ÚNM ag obair i bpáirtíocht leis an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime (CPA) chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaothar foilsithe agus ar mheasúnú treoirlínte idirnáisiúnta do chomhairleoirí um thoirchis ghéarchéime agus do dhochtúirí teaghlaigh maidir le conas tacaíocht inrochtana iomchuí a sholáthar do chliaint faoi mhíchumas intleachta atá torrach. Bhí an dá eagraíocht páirteach i bpróiseas tairisceana agus eisíodh conradh dá bharr sin. Ar an saothar foilsithe a athbhreithníodh bhí téamaí ar nós cumas agus toil maidir le caidreamh gnéis, chomh maith le cóireáil liachta, le riosca toirchis, le frithghiniúint agus le tuismitheoireacht i gcomhthéacs an mhíchumais intleachta. Táthar ag súil go gcuirfear an t-athbhreithniú agus an measúnú i gcríoch go luath i 2009.

### **Coiste Eiticiúil Taighde Míchumais ÚNM**

Lean Coiste Eiticiúil Taighde Míchumais ÚNM dá chuid oibre, le béim ar leith ar nasc níos dlúithe a fhorbairt le pobal na gcoistí eitice in Éirinn, atá ag fás go tapaidh. Reáchtáladh seimineár comhairleach le coistí eitice as áiteanna ar fud na tíre i Mí na Samhna agus chuaigh glao amach ina dhiaidh sin ag lorg aighneachtaí ina mbeadh tuairimí maidir le Treoirlínte Eiticiúil um Thaighde Míchumais ÚNM, roimh athbhreithniú ar na treoirlínte sin le linn 2009. Ina theannta sin, cuireadh Treoirlínte ÚNM i láthair ag comhdháil náisiúnta faoi eitice na taighde in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i mí Dheireadh Fómhair.

### **Mhadie**

Chuir tionscadal Mhadie (Sláinte agus Míchumas a Thomhas san Eoraip), a mhaoinigh an tAE, a chuid oibre i gcrích i 2008. Chruthaigh an tionscadal sin go n-oibríonn an tAicmiú Idirnáisiúnta Feidhmíochta, Míchumais agus Sláinte (ICF) go maith chun an míchumas a thomhas agus a thuairisciú de réir na moltaí i gcreata cliniciúla agus sóisialta maidir leis an ICF a chur i bhfeidhm sna réimsí sin, agus cuireadh torthaí an tionscadail sin i láthair ag cruinniú speisialta de Pharlaimint na hEorpa i Meán Fómhair 2008

## Tacaíocht maidir le Bailiú Sonraí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh

Lean ÚNM dá chuid oibre maidir le comhairle agus tacaíocht a sholáthar ar iarratas don Phríomh-Oifig Staidrimh maidir leis an Suirbhé Náisiúnta Míchumais. Foilsíodh an chéad cheann de dhá thuarascáil an tsuirbhé sin i mí Dheireadh Fómhair. Ina theannta sin, bhí ionadaíocht ag ÚNM ar Ghrúpa Comhairleach Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh, a bunaíodh chun ceisteanna a phleanáil do Dhaonáireamh 2011.

## Scéim chun Taighde a Chur Chun Cinn

Soláthraíonn scéim ÚNM chun taighde a chur chun cinn maoiniú luachmhar do thaighdeoirí ar fud na tíre chun dul i mbun taighde feidhmeach i réimse an mhíchumais. Cuireadh maoiniú ar fáil faoi scéim 2008 do cheithre thionscadal áitiúla faoin téama: ‘Nuáil agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le seirbhísí do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte’.

1. Ghlac an Mheitheal um Shiciatracht Chultúrtha i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath staidéar ar lámh maidir le “**Riachtanais Shiciatracha agus Shiceolaíoch a Measc Imirceoirí ag Lorg Cabhrach i mBaile Átha Cliath**”. Bhí 100 Éireannach lorgtha cabhrach agus 47 imirceach lorgtha cabhrach rannpháirteach sa staidéar sin.
2. Rinne RehabCare imfhiosrú maidir le próisis chun éiteas athshlánaithe a thabhairt isteach in eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte. Rinneadh athbhreithniú sa tionscadal sin ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, d’fhonn treoirlínthe a chur ar fáil do lucht soláthraithe seirbhísí.
3. Bhí Eve Ltd, dírithe ar fardal ch omhshéacs athshlánaithe a fhorbairt. Ceithre chéim atá ina dtionscadal ‘**Athshlánú a Thuiscint i gComhthéacs**’ maidir leis an próiseas athshlánaithe ó mheabhairbhreiteacht de réir dhearcadh éagsúla páirtithe tábhachtacha leasmhara. Tá ÚNM ag maoiniú céim a 3 den tionscadal maidir le Fardal Chomhthéacs Athshlánaithe a fhorbairt. Uirlis athshlánaithe a bheidh san fhardal sin, ina ndíreofar ar na toscaí i gcúinsí saoil duine a chabhraíonn le nó atá ina gconstaicí ó thaobh athshlánaithe meabhairshláinte de. Measfar go mbeidh an uirlis sin úsáideach do dhaoine ag teacht chun a n-athshlánaithe, do bhaill a dteaghlach, dá gcúramóirí agus do dhaoine gairmiúla meabhairshláinte.

4. Scrúdaigh Anne Cleary, UCD, ceist iompair féinmharaithe i bhfir óga. Rinneadh scrúdú sa staidéar sin ar cad a tharla do ghrúpa fear óga a bhí tar éis iarracht thromchúiseach féinmharaithe a dhéanamh timpeall sé bliain ó shin. Tabharfaidh an staidéar sin faisnéis luachmhar nua maidir le patrúin iompair agus maidir le hiompar féinmharaithe ina dhiaidh sin i measc daoine a thug faoi go dáiríre den chéad uair. Beidh an fhaisnéis criticiúil mar bhonn eolais le polasaí agus le cleachtas sláinte, mar thaca leis an ngrúpa leochailleach seo.

### **Teacht ar Sheirbhísí Sláinte**

Lean ÚNM dá chuid oibre i bpáirt leis an FSS maidir le treoir a fhorbairt a bhaineann le hinrochtaineacht seirbhísí sláinte. Thairg ÚNM comhairle agus tacaíocht, ach go háirithe, don FSS agus don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le Saineolaí Náisiúnta Inrochtaineachta a earcú.

# Tosaíocht

# Straitéiseach 4

# Treoracha, caighdeáin agus cóid chleachtais a fhorbairt chun go mbeidh seirbhísí agus áiseanna ardchaighdeáin ann do dhaoine faoi mhíchumas

Tá sainchúram tábhachtach ar ÚNM maidir le forbairt agus le monatóireacht caighdeán agus cóid cleachtais i gcláir agus i seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí obair ÚNM maidir le caighdeáin, le treoir, le monatóireacht agus le feabhas a aithint maidir le hinrochtaineacht seirbhísí poiblí ag croílár na hoibre a rinne ÚNM faoin tosaíocht straitéiseach sin i 2008.

## **Dámhachtain “Rochtain den Scoth”**

Lean meitheal oibre dhámhachtain “Dámhachtainí Rochtain den Scoth” (EtA) ÚNM den obair le réimse leathan comhlachtaí poiblí chun feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí poiblí do dhaoine faoi mhíchumas. Sholáthraigh an meitheal EtA comhairle agus treoir faoi trí phríomhréimse maidir le comhlachtaí poiblí rannpháirteacha;

- Seirbhísí den Scoth do Chustaiméirí (a chuimsíonn AD agus soláthar)
- Comhshaol Tógtha agus
- teicneolaíochtaí faisnéise cumarsáide

Bhain ocht láithreán a bhí rannpháirteach ann creidiúnú EtA i 2008. Léirigh scata comhlachtaí poiblí (Comhairle Contae Mhaigh Eo, na Coimisinéirí



Ioncaim, Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Shligigh) a dtiomantas don fheabhsú leantach trí leibhéal níos airde a bhaint amach faoin dámhachtain sin i 2008 i gcónard le 2007.

### **Éalú Sábháilte do Chách**

Seoladh foilseachán de chuid ÚNM faoin teideal ‘Aslonnú Sábháilte agus Dul Amach Sábháilte do Dhaoine faoi Mhíchumas’ le Hugh O’Neill, Príomh-Oifigeach Dóiteáin Bhriogáid Dóiteáin Átha Cliath san Aibreán. Bhí 250 duine i láthair ag seimineár aonlae faoi ‘Aslonnú Sábháilte do Chách’ i Mí na Samhna, ina measc ailtirí, innealtóirí, oifigh rochtana, lucht gairme i réimsí sláinte agus sábháilteachta, mar aon le lucht gairme Acmhainní Daonna, chun déileáil leis an ábhar tábhachtach sin.

### **Cód Cleachais maidir le Láithreáin Inrochtana Oidhreachta**

I mí Dheireadh Fómhair 2007, d’iarr an tAire ar ÚNM cód cleachtais maidir le halt 29 den Acht um Míchumas, 2005; alt é sin a chlúdaíonn láithreáin oidhreachta. Rinne ÚNM taighde a choimisiúnú maidir le dea-chleachtas i réimse inrochtaineacht oidhreachta agus d’úsáid torthaí an taighde sin chun Cód Cleachtas a dhréachtadh. Chuir ÚNM comhairliúchán náisiúnta ar siúl i measc páirtithe leasmhara, ar a n-áirítear bainisteoirí láithreán oidhreachta, saineolaithe i réimse an chaomhnaithe, comhlachtaí poiblí, ailtirí agus innealtóirí. Fuair an dréacht deiridh formheas ÚNM agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é i gcomhair a fhorghreasa agus a cheadaithe.

### **Monatóireacht ar an dóigh ina bhfuil an Cód Cleachtais um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí**

Tá ceangal ar ÚNM faoi alt 8 den Acht um an Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, monatóireacht a dhéanamh ar na cóid chleachtais a fhorbraímid. Tar éis próiseas comhairleach a chur i gcrích, scaip ÚNM ceistneoir ar chomhlachtaí poiblí. Sa cheistneoir sin, bhí do gach eagraíocht i gcumas a feidhmíocht féin a mhéadú agus an Cód Cleachtais um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí, atá ina chód reachtúil, in úsáid chuige sin. Ghlac ÚNM le tuarascáil bunaithe ar thorthaí an cheistneora sin

agus chuir faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcomhair a formheasta agus a ceadaithe.

### **Tacaíochtaí le haghaidh Oifigigh Rochtana**

Lean ÚNM dá chuid oibre maidir le cruinnithe faisnéisithe, eolas ginearálta agus comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir le cúrsaí praiticiúla a bhaineann lena Chód Cleachtais um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí 2006 a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, lean ÚNM dá chaidreamh leis an bhForas Riaracháin chun clár oiliúna agus gréasán tacaíochta a fhorbairt le haghaidh oifigigh rochtana. D'eagraigh ÚNM an dara comhdháil dá chuid le haghaidh oifigigh rochtana i 2008, mar fhóram chun tacaíocht leantach a sholáthar do Oifigigh Rochtana.

### **Caighdeán an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)**

Tá sé mar thosaíocht ag ÚNM cáilíocht ard seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Chuige sin, bhí ÚNM rannpháirteach go gníomhach le linn na bliana sa Ghrúpa Comhairleach um Chaighdeán a bhunaigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus chuir roinnt aighneachtaí go dtí an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Aire Sláinte agus Leanaí maidir le caighdeán, rialacháin agus oll-chreat cáilíochta do lárionad shainithe do dhaoine faoi mhíchumas faoin Acht Sláinte, 2007.

# Tosaíocht

# Straitéiseach 5

# Dícheall a dhéanamh na tosaíochtaí straitéiseacha go léir a bhaint amach agus feabhas a chur ar an gcumarsáid

Leag ÚNM béim mhór le linn 2008 ar a chórais a fheabhsú agus a phróisís a shruthlíniú, leas a bhaint as seirbhísí comhroinnte san áireamh, d'fhonn cur le héifeacht na heagraíochta. Chuige sin d'aistrigh ÚNM a sheirbhísí TFC go dtí an ardán Citrix sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus d'aistrigh próiseáil a íocaíochtaí airgeadais go dtí Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne céanna, chomh maith le pleanáil a dhéanamh a phárolla a aistriú in Eanáir 2009. Dá bharr sin, leagadh béim shuntasach ar ullmhú, ar phleanáil, ar chumarsáid agus ar mhonatóireacht na gcúrsaí thuasluaite le linn 2008. Ina theannta sin, chuir ÚNM chuige an córas bainistíochta feidhmíochta agus an córas bainistíochta tionscadal a neadú i 2008, córais a chuaigh faoi athbhreithniú agus faoi leasú i 2007, agus na córais agus próisis sin a leasú a thuilleadh chun freastal ar riachtanais ghnó agus oibríochta ÚNM.

## **An Córas Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta (PMDS)**

Ba í an bhliain 2008 an chéad bhliain iomlán inar cuireadh córas leasaithe agus leathnaithe PMDS i bhfeidhm, le hathbhreithniú eatramhach agus le hathbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht ag lárphointe agus ag deireadh na bliana, faoi seach. Cuireadh oiliúint sa chóras nua dea-chleachtais don fhoireann ar fad, chun cur i bhfeidhm comhleanúnach an phróisis ar fud na heagraíochta a chur chun cinn.

Bhain monatóireacht agus tacaíocht lárnach leis an gCóras Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta a chur i bhfeidhm, agus bhí tionchar aige sin ar riachtanais oiliúna agus forbartha daoine agus eagraíochta i 2008. Chuimsigh

an oiliúint a cuireadh ar fáil le linn na bliana preasráitis a scríobh, scileanna meán, bainistiú tionscadal, oiliúint sé hata agus oiliúint maidir le feasacht i dtaobh an mhíchumais.

### **Polasaí agus Nós Imeachta**

I gcomhar le coiste páirtíochta ÚNM, rinneadh an lámhleabhar pearsanra a thabhairt suas chun dáta, a athbhreithniú agus a shruthlíniú lena chur in oiriúint do na hathruithe reachtaíochta agus don dea-chleachtas maidir le hacmhainní daoine agus chun go gcloífeadh leo siúd. Cuireadh athbhreithniú ó bhonn i gcrích, ach go háirithe ar pholasaí dínite san obair ÚNM, ar ar cuireadh bailchríoch, agus úsáideadh seisiúin oiliúna a saincheapadh i gcomhair lucht foirne agus bainistíochta lena dháileadh orthu.

### **Forbairt TFC**

Aistríodh TFC ÚNM go dtí an ngréasán Citrix sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tar éis athbhreithniú ó bhonn ar chumraíocht, ar bhonneagar agus ar riachtanais aitheanta TFC ÚNM i rinneadh i 2006-2007.

D'oibrigh ÚNM i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag ullmhú don aistriú a bhí beartaithe don cheathrú ceathrú de 2008. Rinneadh córas beo de i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Soláthraíonn gréasán Citrix struchtúr le haghaidh ÚNM le tacaíocht agus cothabháil trí dheasc cabhrach chomhordaithe lárnach sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

### **Bainistiú Tionscadal**

Tar éis clár cuimsitheach oiliúna don fhoireann ar fad, chuaigh an córas leasaithe agus leathnaithe bainistithe tionscadal a forbraíodh i 2007 beo an chéad lá d'Eanáir 2008. Bhí na tionscadail a raibh cur síos orthu i gclár oibre 2008 ina dtionscadail mhionsonraithe cheadaithe, le bainistíocht agus monatóireacht chuimsitheach chomhleanúnach faoin gcóras nua. Chabhraigh na teimpléid nua atá mar thaca le comhtháthú agus le comhordú na gcórais eagraíochta le heolas a sholáthar do nuashonrú clár rioscaí ÚNM.

## Cúrsaí Airgeadais

Ag teacht leis na gealltanais maidir le Seirbhís Chomhroinnte sa Chomhaontú Náisiúnta Páirtíochta I dTreo 2016, agus mar thaca le coigilt airgid san eagraíocht agus lena chur chun cinn, d'aistrigh ÚNM próiseáil a íocaíochtaí airgeadais chuig na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Soláthraíonn an t-aistriú sin cumas níos mó san ÚNM chun caiteachas airgeadais a bhainistiú agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh air.

Táthar ag beartú próiseáil an phárolla a aistriú i 2009, rud a chuirfidh aistriú na mbeart airgeadais ar fad i gcrích.

Ag teacht leis an dea-rialachas, rinneadh plan inmheánach iniúchta a fhorbairt, a aontú agus a chur i bhfeidhm. Rinne Coiste Iniúchta ÚNM na moltaí a bhí i dtuairiscí iniúchta a mheas agus a athbhreithniú agus rinne monatóireacht orthu le cinntiú mbaintear raibh rialacháin dhochta amach agus go gcoinnítear ar siúl iad.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Ag meabhrú dó agus mar thaca le hoibleagáidí an fhostóra faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chláraigh ÚNM leis an tionscnamh “Ag Obair Go Dearfa” a bhíonn á urrú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ina ndírítear ar uirlis a sholáthar i gcomhair eagraíochtaí chun strus “ionad oibre” a thomhas. Cuireadh tús leis an tionscnamh sin le ceistneoir gan ainm a scaipeadh ar an lucht foirne. Rinneadh anailís neamhspleách ar an gceistneoir sin, agus cuireadh aiseolas i dtaobh na dtorthaí ar ais chun an lucht foirne. Ar a lorg sin, reáchtáladh an chéad cheardlann fócais leis an sainchomhairleoir urraithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a sannadh don ÚNM mar éascaitheoir.

## Leabharlann ÚNM

Acmhainn uathúil i gcomhair lucht na foirne agus úsáideoirí seachtracha is ea leabharlann ÚNM. Tá níos mó ná 53,000 ní sa leabharlann a bhaineann le míchumas agus le hábhair ghaolmhara. Cuimsíonn an cnuasach fairsing sin leabhair, irisí, nuachtlitreacha, ailt nuachtán, DVDanna, fístéipeanna agus CD-ROManna. Tá catalóg ar líne ag an leabharlann agus soláthraíonn sí leabhair

agus ailt as irisí trí mheán an phoist. Is féidir le daoine cuairt a thabhairt ar an leabharlann chun obair níos doimhne a dhéanamh. Ina theannta sin, cuireann an leabharlann fios ar leabhair agus ar ailt in acmhainní leabharlainne níos mó i gcomhair lucht foirne ÚNM, ionas gur féidir leo léargas cuimsitheach a fháil ar chúrsaí agus taighde ar siúl acu ina leith.

D'fhreagair lucht leabharlainne ÚNM 2,260 fiosrú i 2008, agus chláraigh 115 ball úra i rith na bliana. Ó lucht foirne a tháinig an líon fiosruithe is mó (705), le mic léinn tríú leibhéal agus iarchéime sa tarna háit (516), ansin eagraíochtaí míchumais (200) agus Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus rialtas áitiúil (144). Ó réimse leathan dearthóirí gairmiúla, innealtóirí, eagraíochtaí san earnáil phríobháideach, múinteoirí, leabharlanna, taighdeoirí agus lucht léinn ollscoile a tháinig an chuid eile (700). Soláthraíodh faisnéis éagsúil, ar a n-áirítear cuardaigh catalóige agus litríochta, cuardaigh ábhartha idirlín agus fiosruithe a cuireadh ar aghaidh chuig eagraíochtaí eile. Thug an leabharlann 415 leabhar amach ar iasacht agus 287 alt as irisí agus nuachtáin.





# Ráitis

# Airgeadais 2008



# Ábhar

Baill an Údaráis agus eolas eile	140
Feidhmeanna agus Cumhachtaí ÚNM	141
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	143
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais	144
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	147
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	150
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	152
Clár Comhardaithe	154
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	155
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	156

## **Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus Eolas Eile**

**An Dr Angela Kerins** Cathaoirleach  
**Mr Jack Callanan**  
**Mr Kevin Condon**  
**Ms Maria Cronin**  
**Mr John Dolan**  
**Ms Noreen Gildea**  
**Mr David Joyce**  
**Mr Gene Lambert**  
**Mr Christy Lynch**  
**Ms Lottie Mc Clure**  
**Mr Seamus Mc Nulty**  
**Ms Betty O’Leary**  
**Mr Donie O’Shea**

Stiúrthóir: Siobhan Barron

Aturnaetha Kilcullen & Associates  
 183 Bóthar Ráth Maonais Íocht.  
 Baile Átha Cliath 6.

Baincéirí: Banc na hÉireann  
 Sráid Líosáin Uacht.  
 Baile Átha Cliath 4.

Iniúchóirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
 Caisleán Bhaile Átha Cliath  
 Baile Átha Cliath 2

## **An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar an 12 Meitheamh 2000 faoi Alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999.

## Feidhmeanna agus Cumhachtaí ÚNM

### Feidhmeanna agus cumhachtaí ÚNM

Is é is príomhfheidhm ag an ÚNM ná comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le ceisteanna polasaí agus cleachtais maidir le míchumas.

Cuimsíonn feidhmeanna áirithe an Údaráis faoi Alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- Feidhmiú mar chomhlacht lárnach náisiúnta a chabhróidh leis an Aire i gcomhordú agus i bhforbairt polasaí maidir le daoine faoi mhíchumas
- Dul i mbun, coimisiúnú a dhéanamh ar nó comhoibriú le tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde maidir le saincheisteanna a bhaineann le míchumas agus cúnamh a thabhairt i bhforbairt fhaisnéis staitistiúil atá cuí do phleanáil, seachadadh agus monatóireacht na gclár agus na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- Comhairle a chur ar an Aire ar chaighdeáin chuí do chlár agus do sheirbhísí a soláthraítear nó a soláthrófar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach maidir le forbairt ar chaighdeáin ghinearálta agus sainchaighdeáin maidir lena leithid de chlár agus de sheirbhísí
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiúchán ar chaighdeáin agus ar chóid chleachtais i gclár agus i seirbhísí a soláthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuairisciú don Aire air sin
- Teagmháil le comhlachtaí eile, corpraithe agus neamhchorpraithe, atá rannpháirteach i soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus áisiú agus tacaíocht a thabhairt i bhforbairt agus i bhfeidhmiúchán caighdeán cuí do chlár agus do sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- Cóid chleachtais a bhaint amach ar chaighdeáin mhaithe agus ardcháilíochta i soláthar chlár agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas
- Baint amach caighdeáin mhaithe agus ardcháilíochta i soláthar chlár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a aithint, ag áireamh soláthair ar chóras dámhachtana um chomhionannas míchumais
- Pleananna straitéisacha a ullmhú

Ar fheidhmeanna breise an Údaráis faoi Acht Míchumais 2005 tá:

- Cóid chleachtais a ullmhú maidir le inrochtaine foirgneamh poiblí, seirbhísí, faisnéise agus láithreán oidhreachta agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar iarratas ón Aire (Cuid 3)
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas do spriocanna reachtúla d'earcaíocht agus d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhaíocht a mholadh nuair nach bhfuil na spriocanna sin á mbaint amach, agus cóid chleachtais a ullmhú nuair a iarrtar sin (Cuid5)
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a bhunú sa chomhshaol tógtha agus sa teicneolaíocht faisnéise a chuirfidh na prionsabail um dhearadh uilíocht atá inrochtain, gur féidir a thuiscint agus a úsáid a mhéid agus is féidir ag daoine faoi mhíchumas:
  - ar an mbealach is neamhspleácháí agus is nádúrtha
  - sa réimse is fairsinge suíomh agus ócáid
  - gan ghá le leasú, oiriúnú, fearas cuidithe nó sainréiteach (Cuid 6)

### **Cumhachtaí reachtúla**

D'fhonn a fheidhmeanna reachtúla a chomhlánú, tá cumhachtaí áitrithe reachtúla ag an Údarás faoin Acht an Údaráis Náisiúnta Míchumas 1999:

- Tá ceart rochtana ag an Údarás ar eolas (sonraí san áireamh) atá ábhartha dá chuid feidhmeanna agus atá i seilbh comhlachtaí poiblí (Alt 13)
- Tig leis an Údarás eolas a lorg ar aon ní a bhaineann le soláthar chlár nó seirbhísí, do dhaoine faoi mhíchumas, atá á soláthar mar dhualgas reachtúil agus atá á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ón gciste poiblí (Alt 14)
- Déanann an tÚdarás moltaí d'athbhreithniú, laghdú nó tarraingt siar airgid a sholáthraíonn an tOireachtas do chlár nó do sheirbhís nuair a meastar dó é a bheith á chur ar fáil ar bhealach neamhleor nó míhásúil nó nach bhfuil sé á chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas (Alt 15(4))

Déanann an tÚdarás tuairisciú bliantúil agus tuairiscí eile don Aire maidir lena chuid feidhmeanna (Alt 15).

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na mBall den Údarás

Tá ar an Údarás faoi Alt 17 den Acht Náisiúnta Míchumais 199 ráiteas airgeadais a ullmhú do gach aon bhliain airgeadais ar leith a thugann léargas fírinneach cóir ar stáid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus caiteachais don tréimhse sin .

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- cloí le Caighdeáin infheidhmithe Cuntasáíochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais
- na ráitis airgeadais as ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a bheith ann

Tá freagracht ar an Údarás cuntais chearta cuntasáíochta a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Acht. Tá sé freagrach chomh maith as sócmhainní an Údarás Náisiúnta Míchumais a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh do chosc agus do bhrath calaoise agus neamhrialtachtaí eile.

Thar ceann an Údaráis

Cathaoirleach	Angela Kerins
Stiúrthóir:	Siobhan Barron
Dáta	16 Iúil 2009

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Thar ceann Bhord an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, admhaím ár bhfreagracht as deimhin a dhéanamh go bhfuil córas éifeachtach rialála airgeadais inmheánaigh á chothú agus á fheidhmiú.

Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta, nach ionann agus dearbh amach is amach, a thabhairt go bhfuil sóchmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stoptar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás le deimhin a dhéanamh de go bhfuil comhshaol cuí rialála ann trí:

- Bunú nósanna foirmeálta imeachta trí fheidhmeanna éagsúla coiste le monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar shóchmhainní na heagraíochta
- Léirmhíniú soiléir agus doiciméadú a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar gach aon leibhéal ar fud na heagraíochta

Tá nós imeachta bunaithe ag an Údarás chomh maith le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil.. Baintear seo amach ar bhealaí éagsúla, ina measc:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais rioscaí don Údarás Náisiúnta Míchumais a aithint
- Measúnú a dhéanamh ar dhóchúlacht na rioscaí a bheith ag tarlú. Tá clár riosca ullmhaithe ag an ÚNM ag cuimsiú rioscaí géilliúntais/cáile, straitéise, oibriúcháin, faisnéise teicneolaíochta agus airgeadais
- Measúnú ar chumas an Údarás Náisiúnta Míchumais na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla le deimhin a dhéanamh de go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an ÚNM agus tacaíocht do straitéisí an Údaráis leis na spriocanna sin a bhaint amach



- Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha gearr agus fadtéarmacha agus luacháil ar na rioscaí ar na pleananna sin a thabhairt i bhfeidhm
- Leagan amach spriocanna bliantiúla agus níos faide do na réimsí ar leith dár ngnó agus ina ndiaidh tuairisciú rialta ar na torthaí a bhaintear amach
- Bunú agus forfheidhmiú nósanna imeachta fairsinge caighdeánacha agus foráil faoinar féidir cúnamh airgeadais a thabhairt do thionscadail, ag áireamh forálacha ag éileamh aisíoca mura gcomhlíonann an tionscadal tiomantais a rinne an té a chuir chun cinn é

Tá córas rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta ag áireamh leithscaradh dualgas, agus córas tarmilgín agus cuntasachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséid le buiséad bliantúil ar a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú agus comhaontú
- Athbhreithniú rialta ag an Údarás agus tuarascálacha bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i bhfrithshuíomh le réamhaisnéisí
- Leagan síos spriocanna le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirínte soiléire rialaithe ar shainchaipiteal infheistíochta
- Disciplíní foirmeálta bainistíochta tionscadal

Tá foinsiú allamuigh déanta ag an Údarás ar Sheirbhís Sheachtrach Iniúchóireachta, a fheidhmíonn de réir an Chreata don Chleachtas is Fearr, atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar ghlac an tÚdarás leis i Meitheamh 2002. Comhlánaíonn an Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tSeirbhís Inmheánach Iniúchóireachta. Tugann an tSeirbhís Inmheánach Iniúchóireachta tuairisc don Choiste Iniúchóireachta go rialta. Sa bhliain reatha, rinne Iniúchadh Inmheánach tuarascála i réimsí TF agus Ceannach le hÍoc. Níor aithníodh aon mhórchéisteanna i gceachtar tuarascáil.

Tá an tÚdarás freagrach as feitheoireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú moltaí na Seirbhíse Inmheánaí Iniúchóireachta lena dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta córa agus éifeachtacha rialaithe airgeadais á bhfeidhmiú agus déanann feitheoireacht ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus pleananna gaolmhara a chuimsíonn aon réimsí nua aitheanta.

Déantar eolasú ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánacha airgeadais trí:

- saothar na Seirbhíse Inmheánaí Iniúchóireachta agus cion an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann feitheoireacht ar shaothar an Iniúcháir Inmheánaigh agus comhshaol an rialachais chorparáidigh
- na bainisteoirí feidhmiúcháin leis an Údarás Náisiúnta Míchumais ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais
- an Coiste Airgeadais a thuairiscíonn in aghaidh na ráithe ar chaiteachas airgeadais agus ceisteanna gaolmhara agus
- na ceisteanna a thógann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2008.

Angela Kerins  
Cathaoirleach

16 Iúil 2009

## **Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoi Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, Ráiteas Gnóthachan agus Cailteanas Aitheanta Iomlán agus na nótaí gaolmhara.

### **Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fóircheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

### **An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## **Tuairim**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

## **Gerard Smyth**

**Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Lúnasa 2009**

## Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

### Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar an modh fabhraithe cuntasaíochta faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo, ach mar atá léirithe thíos.

Glactar leis na Caighdeáin Tuarascála a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasóireachta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

### Ioncam Deontas Oireachtais

Léiríonn ioncam ón bhfoinse seo na fáiltais iarbhír airgid sa tréimhse.

### Tomhas Sláinte agus Míchumais san Eoraip (TSME)

Tá maoiniú a fuarthas i leith tionscadail um Thomhas Sláinte agus Míchumais san Eoraip (TSME) na hEorpa cuimsithe in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas lena mbaineann sé.

Tionscadal le Coimisiún na hEorpa é seo ar a bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais roghnaithe mar cheann dá chomhpháirtithe. Chríochnaigh an tionscadal seo in 2008.

### Ioncam eile– An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Déantar cuntas ar aisghabháil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta i leith tuarastal agus aoisliúntas a thit ar an Údarás Náisiúnta Míchumais ar bhonn fabhraithe.

### Sóchmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear sóchmhainní seasta ar a gcéadchostas lúide dímheas.

Gearrtar dímheas ar na rátaí bliantúla seo a leanas:-

Troscán agus Trealamh Oifige	20.00 % (Dímheas de réir méid chothroim)
------------------------------	--

Cruaearraí agus Bogearraí Ríomhaireachta	33.33 % (Dímheas de réir méid chothroim)
Áitreabh	2.50 % (Bonn Comhardaithe Laghdaithe)

### **Cuntas Caipitil**

L an Cuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a leithdháileadh le sóchmhainní seasta a cheannach.

### **Pinsin**

Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais scéim pinsin socharshainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a théir ó airgead atá ar fáil aige, airgead arna sholáthar ag an Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus rannaíocaíochtaí ón bhfoireann san áireamh.

Léiríonn na costais pinsean sochair tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear sin glan ar rannaíocaíochtaí foirne a choinníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Aithnítear mar ioncam suim ag freagairt don mhuipear pinsin chomh fada is atá sé in-aisghabhála, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear ghnóthachain nó cailteanais ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chailteanais lomlána agus tá suim ag freagairt dó sin in-aisghabhála ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Léiríonn dliteanais pinsin luach na n-iocaíochtaí pinsean iníochta sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn cistíocht iarchurtha an mhaoin chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

<b>Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2008</b>			
<b>IONCAM</b>	<b>NÓTAÍ</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
		€	€
Ioncam Deontais	7	3,315,567	3,432,308
Cistíocht ghlan iarchurtha do Phinsin			
Ioncam Eile	12	264,022	217,387
	9(b)	121,722	491,998
Aistriú ó / (go) Cuntas Caipítíl		385,744	709,385
Ioncam Iomlán			
<b>CAITEACHAS</b>	11	423,767	252,309
Tionscadail agus Obair Coimisiúnaithe		(38,023)	457,076
<b>Costais Forbartha, Tacaíochta agus Riaracháin</b>		3,277,544	3,889,384
Párolla		(16,100,000)	(15,000,000)
Costais Pinsin		16,100,000	15,000,000
Costais Riaracháin		3,277,544	3,889,384
Dímheas			
	8	3,315,567	3,432,308
Caiteachas Iomlán	(38,023 )	457,076	
<b>Barrachas (Easnamh) don bhliain</b>	*	(495,099)	26,931
Barrachas Coinnithe ar an 1 Eanáir		457,076	430,145
Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig		(38,023)	457,076
<b>Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas</b>			



Barrachas (Easnamh) don bhliain		(495,099)	26,931
(Gnóthachan) Achtúireach / Cailteanas ar Dhliiteanais Phinsin		(245,000)	(712,000)
Coigeartú ar Chistíocht larchurtha Phinsin		245,000	712,000
<b>Iomlán an Ghnóthachain Aitheanta / (Cailteanais) don bhliain</b>		<b>(495,099)</b>	<b>26,931</b>
<p>Tagrann na torthaí don bhliain d'fheidhmiúcháin leantacha Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.</p> <p>Sínithe: Angela Kerins (Cathaoirleach)  Sínithe: Christy Lynch (Ball den Údarás)  Sínithe: Siobhan Barron (Stiúrthóir)  Dáta: 16 Iúil 2009</p>			

<b>Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008</b>			
	<b>NÓTAÍ</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
		€	€
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>	7	3,315,567	3,432,308
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	12	264,022	217,387
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	9(b)	121,722	491,998
		385,744	709,385
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	11	423,767	252,309
Sócmhainní Glana Reatha		(38,023)	457,076
<b>SÓCHMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS</b>		3,277,544	3,889,384
Sóchmhainn Cistíochta larchurtha do Phinsin		(16,100,000)	(15,000,000)
Dliteanais do Phinsin		16,100,000	15,000,000
		3,277,544	3,889,384
<b>LÉIRITHE AG:</b>			
Cuntas Caipitil	8	3,315,567	3,432,308
Barrachas Coinnithe ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	(38,023)	457,076	
		3,277,544	3,889,384
Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.			
Sínithe: Angela Kerins (Cathaoirleach)			
Sínithe: Christy Lynch (Ball den Údarás)			
Sínithe: Siobhan Barron (Stiúrthóir)			
Dáta: 16 Iúil 2009			

<b>Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008</b>			
	<b>NÓTAÍ</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
		€	€
Sreabhadh Airgid Glan / (Eis-Sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	9	(342,449)	169,964
<b>TORTHAÍ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS AR SHEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS</b>			
Ús faighte		3,003	5,800
Torthaí Glan Ar Infheistíochtaí Agus Ar Sheirbhísiú Airgeadais	3,003	5,800	
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>			
Ceannach sóchmhainní seasta		(30,830)	(48,020)
Diúscairt shóchmhainní seasta		0	0
Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(30,830)	(48,020)
<b>Méadú/ (Laghdú) ar Airgead sa Bhanc agus ar láimh</b>		<b>(370,276)</b>	<b>127,744</b>
Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.			
Sínithe: Angela Kerins (Cathaoirleach)			
Sínithe: Christy Lynch (Ball den Údarás)			
Sínithe: Siobhan Barron (Stiúrthóir)			
Dáta: 16 Iúil 2009			

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.****1. Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2007.**

<b>2 . IONCAM</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
<b>2 (a) Ioncam Deontais</b>	€	€
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	4,791,242	5,937,734
	4,791,242	5,937,734
<b>2 (b) Ioncam Eile</b>	2008	2007
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)	391,455	440,821
Tionscadal TSME Cistithe ag an AE	2,525	3,563
Ús Bainc	3,003	5,800
Fáltais SSGT	10,786	11,046
Cíos agus Seirbhísí	71,552	0
Éagsúil	310	1,490
	479,631	462,720
<b>3. TIONSCADAIL AGUS OBAIR COIMISIÚNAITHE</b>	2008	2007
Dúshlán a thabhairt do Dhearcadh ar Fheachtas Fógraíochta Sláinte Mheabhrach	310,134	502,374
Scéim Dámhachtana um Sármhaitheas trí Inrochtaineacht	162,822	188,641
Suíomh Gréasáin Easnamh Citrix	93,611	0
Comhdháil um Thaighde Míchumais	62,012	62,212
Tógáil do gach aon duine	55,868	36,766
Scéim le Taighde a chur chun cinn	47,704	102,071
Comhdháil Fhaireachlann na hEorpa	46,658	0
Taiscéalú ar Fhostaíocht Daoine faoi Mhíchumas	37,475	41,381
Ábhair Nua - Leabharlann	32,468	52,743

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 3 Iú Nollaig, 2008.**

Tuarascáil Bhliantúil ÚNM	32,156	21,635
Luacháil ar an bhFeachtas Sláinte Mheabhrach	31,097	0
Athbhreithniú Leabharlainne	26,500	0
Úsáideoir ar Shuíomh Gréasáin ICT CEUD	26,325	0
Dearadh Ar Shuíomh Gréasáin CEUD	19,479	0
Comhdháil An Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch	18,102	50,157
Léiriú ar dhaoine faoi mhíchumas sna meáin	15,901	30,000
Ábhair Faisnéise, Cuid V den Acht Míchumais	15,126	40,527
Cód Cleachtais ar Inrochtaineacht ar Láithreacha Oidhreachta	14,116	22,500
Comhdháil 3%.	11,797	0
Láithreacha Oidhreachta Idirnáisiúnta	11,478	0
Poibliú Tuarascála ar Chuid V	12,417	0
Ceardlann Cárta Cliste	10,803	0
Maireachtáil sa phobal	10,004	0
Forbairt Curaclaim	10,000	0
Creat Monatóireachta	9,960	14,460
Treoirlínte um Choinneáil Postanna	9,003	0
Athchló ar Fhoilseacháin Inrochtaineachta	8,785	12,112
Dearadh Lógó agus Forbairt CEUD	7,865	19,425
Tacaíochtaí Oifigeach Rochtana	7,411	8,278
Comhdháil Seimineár NA	5,564	15,680
Taighde ar Eitic Thaighde	5,410	18,542
Faisnéisiú Bricfeasta Comreg	4,938	0
Suirbhéireacht ar Dhearcadh an Phobail ar	4,304	11,060
Foilsíú ar Threoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta d'Egress	3,561	29,494

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 3 Iú Nollaig, 2008.**

Tiomantas don Sármhaitheas	3,430	30,237
Faisnéisiú Eorpach agus Oireachtais	3,120	6,232
Clár tacaíochta do mhaireacháil neamhspleách	2,771	296
Scoláireachtaí	2,500	1,270
Dearadh Uilíoch Uirbeach	2,057	0
Tiontú Ar Shuíomh Gréasáin HTML	1372	4974
Nuachtlitir na gCaighdeán	90	161
Tiontú XML	73	557
Costais bunaithe Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch	(80)	24,247
Nuashonrú ar Threoirlínte Inrochtaineachta T.F. ÚNM	(1,670)	43,637
Leabhrán Faisnéise ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais	0	320,327
Athbhreithniú litríochta ar Mhná agus Mhíchumas	0	60,912
Físeán Sármhaitheas Trí Inrochtaineacht	0	36,598
Taighde ar an mbealach is fearr le Monatóireacht a dhéanamh ar Chuid V den Acht Míchumais	0	31,488
Polasaithe agus Plean Traenála AD	0	25,916
Ábhair Dearaidh agus Cló do ÚNM	0	21,968
Taighde ar Luathfhágáil scoile ag daoine faoi mhíchumas	0	16,326
Athbhreithniú ar Infreastruchtúr T.F 05-07	0	14,012
Comhdháil Náisiúnta le Torthaí Suirbhéireachta Dearcadh 2006 a	0	13,537
Forbairt ar Threoirlínte Inrochtaineachta	0	8,558
Forfheidhmiú Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	0	8,465

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 3 Iú Nollaig, 2008.**

Taighde ar Stíleanna Cinnreachta	0	7,401
Athbhreithniú ar Rialacháin Inmheánacha Airgeadais	0	7,260
Treoirlínte maidir le Ról na nOifigeach Rochtana	0	5,167
Foireann Forfheidhmithe Suíomh Gréasáin	0	5,122
Sonraí Bonnline Míchumais	0	4,213
Dí-institiúidiú	0	3,955
Costais ÚNM ar Thomhas Sláinte agus Míchumais san Eoraip EDS	0	272
Acmhainní Leictreonacha don Leabharlann	0	3,005
Cóid Chleachtais Rochtaineachta na Seirbhísí Poiblí	0	2,802
Léitheoireacht Phrofaí, Eagarthóireacht	0	2,212
Athbhreithniú Litríochta ar Chaighdeán na Beatha i Suímh Chónaithe	0	1,331
Táscairí Rannpháirtíochta	0	905
Plean Straitéiseach	0	741
Seirbhís For-rochtana Leabharlainne	0	713
Sláinte	0	575
Tionscadail an Choiste Chomhairleach ar Chaighdeán	0	548
Suirbhéireacht monatóireachta ar Chóid Chleachtais	0	545
Foilseachán Chlár Taighde ÚNM	0	538
Staidéar Náisiúnta ar Rannpháirtíocht DFM i spórt	0	397
Foiréigean in aghaidh Daoine faoi Mhíchumas	0	119
Treoirlínte ar Iniúchtaí Rochtana TFC	0	109
Sraith Sheimineár ÚNM	0	(80)

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.**

Coiste Comhairleach Caighdeán NSAI	0	(524)
	1,200,061	2,002,914
<b>4. COSTAIS PHÁROLLA</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Pá Foirne ÚNM	2,219,638	2,238,651
Foireann Ghníomhaireachta	357,922	389,809
Pá Foirne na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	231,115	342,152
	2,808,675	2,970,612
43 an melíon a bhí fostaithe ag an Údarás i rith na bliana (2007: 43)		
<b>5. COSTAIS RIARACHÁIN</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Taisteal	74,088	59,714
Traenáil	55,576	65,393
Táillí Comhdhála/ Seimineár	13,773	5,430
Earcaíocht	53,937	109,015
Táillí agus Costais an Údaráis	98,275	136,345
Táille Iniúchóireachta	23,000	23,000
Ús /Táillí Bainc	1,513	795
Ceaintín/béilí	102,433	103,027
Glanadh / tíos	63,626	60,962
Bogearraí ríomhaireachta Neamhchaipitil	4,732	13,373
Soláthairtí Ríomhaireachta	2,337	3,420
Táillí Comhairliúcháin	3,268	51,826
Teachtairí	6,081	3,944
Gás / leictreachas	49,130	51,935
Sláinte agus sábháilteacht.	6,290	0
Árachas	29,242	34,253



**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 3 Iú Nollaig, 2008.**

Cúltaca TF	0	6,011
Táillí Dí	50,252	84,254
Cothabháil	89,309	98,436
Troscán / Trealamh Oifige Neamhchaipitil	5,793	16,538
Soláthairtí Oifige	23,150	20,964
Postas agus Teileafóin	54,377	49,782
Clódóireacht / Fótachóipeáil	44,342	34,996
Bainistíocht Chló	23,580	16,808
Caidreamh Poiblí	50,907	53,111
Uiríolla	121	0
Síntiúis / Tabhartais	10,651	10,966
Éagsúil	5,320	4,199
Cothabháil Teileafóin	2,611	3,446
Aistriúcháin / Ateangairí	67	2,397
	1,037,720	1,205,103

**6. TÁILLÍ AGUS COSTAIS AN ÚDARÁIS**

Íocadh €89,153 (€96,906 in 2007) i leith Táillí an Údaráis.

Íocadh €11,655 (€39,438 in 2007) i leith costais choimhdeacha an Údaráis.

**7. SÓCMHAINNÍ SEASTA**

	Bogearraí agus Crua-earraí Ríomhaireacht	Troscán agus Trealamh Oifige	Áitribh	Iomlán
<b>Costas nó Luacháil</b>	€	€	€	€
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2008	385,777	456,728	3,929,988	4,772,493
Breiseanna ar chostas	2,457	17,275	11,098	30,830

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.**

Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2008	388,234	474,003	3,941,086	4,803,323
<b>Dímheas Carntha</b>				
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2008	354,466	381,444	604,275	1,340,185
Gearrtha i rith na bliana	29,355	34,803	83,413	147,571
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2008	383,821	416,247	687,688	1,487,756
LUACH GLAN LEABHAR - 31	4,413	57,756	3,253,398	3,315,567
LUACH GLAN LEABHAR - 31	31,311	75,284	3,325,713	3,432,308
<b>8. CUNTAS CAIPITIL</b>			<b>2008</b>	<b>2007</b>
			€	€
Iarmhéid ar an 1 Eanáir			3,432,308	3,563,823
<u>Aistriú go / (ó) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</u>				
Ioncam caite ar cheannach sócmhainní seasta			30,830	48,020
Amúchta i rith na bliana ag teacht le dímheas sócmhainne			(147,571)	(179,535)
			(116,741)	(131,515)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig			3,315,567	3,432,308
<b>9. IMRÉITEACH AR SHREABHADH AIRGID</b>				
<b>9 (A) IMRÉITEACH AR (EASNAMH) / BHARRACHAS DON BHLIAINLE HAIRGEAD Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ FEIDHMIÚCHÁIN</b>			<b>2008</b>	<b>2007</b>
			€	€
Barrachas / (Easnamh) don tréimhse			(495,099)	26,931

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.**

Coigeartú do mhíreanna neamhfheidhmiúcháin		
Ús Isteach	(3,003)	(5,800)
Gluaiseacht ar an gCuntas Caipitil	(116,741)	(131,515)
Coigeartú do mhíreanna neamhairgid		
Dímheas	147,571	179,535
Athrú Féichiúnaithe	(46,635)	6,560
Athrú Creidmheasóirí	171,458	94,253
Airgead ó Ghníomhaíochtaí Feidhmiúcháin	(342,449)	169,964
<b>9(b) IMRÉITEAACH AR SHREABHADH AIRGID GO GLUAISEACHT I GCISTÍOCHT</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
larmhéid ar an 31 Nollaig 2007	491,998	364,254
Méadú / (Laghdú) in Airgead Tirim	(370,276)	127,744
larmhéid ar an 31 Nollaig 2008	121,722	491,998

**10. AOISLIÚNTAS**

Faoi Acht Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, déanfaidh an tÚdarás, le faomhadh an Aire Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonadh. do nó i leith ball den bhfoireann, ag áireamh Stiúrthóir an Údaráis.

Tá Scéim Eiseamlarach dréachtaithe agus ar feitheamh le faomhadh ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Airgeadais.

Feidhmíonn an Údarás Náisiúnta Míchumais scéimeanna sainithe neamhchistithe sochair aoisliúntais don bhfoireann.

I láthair na huairé faigheann baill foirne a bhí fostaithe roimhe seo ag an mBord Náisiúnta Athshlánúcháin(BNA) a théann ar scor sochair aoisliúntais faoi théarmaí na Scéime Aoisliúntais Rialtais Áitiúil. Faigheann baill fhoirne a d'fhostaigh an ÚNM tar éis a bhunaithe agus a théann ar scor sochair ag teacht lé téarmaí Scéime Aoisliúntais Na nGníomhaireachtaí Ainmnithe Sláinte

**(a) Scéim Pinsin**

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.**

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais i leith foirne ar seirbhís, ar scor agus éagtha an ÚNM mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008. Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo chun críche an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Uimh. 17 um Thuairisciú Airgeadais - Sochair Scoir (CTA 17) Rinneadh an luacháil seo ag úsáid an mhodh um aonad teilgte. Mar a leanas a bhí na toimhdeana airgeadais a úsáideadh le dliteanais na scéime a ríomh:

	2008	2007	2006	2005	2004
Ráta Lascaine	5.5%	5.5%	5.5%	5.5%	5.5%
Toimhde ar mhéadú tuarastail	4%	4%	4%	4%	4%
Toimhde ar mhéadú pinsin	4%	4%	4%	4%	4%
Boilsciú ar Phraghsanna	2%	2%	2%	2%	2%

De bhrí go bhfuil sceímeanna an ÚNM neamhchistithe, níl aon sóchmhainní ann i leith dliteanas fabhráithe pinsin fhoirne an ÚNM.

<b>(b) Cistíocht ghlan iarchurtha do Phinsin sa Bhliain</b>	2008	2007
	€	€
Cistíocht in-aisghabhála i leith costas pinsin na bliana reatha	1,380,000	1,380,000
Deontas Stáit a caitheadh ar phinsiinéirí a íoc	(851,171)	(303,327)
	528,829	1,076,673
<b>(c) Anailís ar an méid a cuireadh i leith brabúis oibriúcháin faoi CTA 17</b>	2008	2007
	€	€
Costas Seirbhíse Reatha	820,000	800,000
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	560,000	580,000
Rannaíocht na bhFostaithe	(162,485)	(156,453)
Costas seirbhíse san am atá thart	-	-

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.**

Muirear iomlán oibriúcháin	1217515.4	1223547
<b>(d) Sócmhainn Chistíochta Iarchurtha do Phinsin</b>		
<p>Aithníonn an Údarás Náisiúnta Míchumais na suimeanna seo mar shócmhainn ag freagairt don dliteanas neamhchistithe iarchurtha do phinsin ar bhonn an tacair de thiomhdí ar a ndéantar cur síos thuas agus ar theagmhais áirithe san am atá thart. Coimsíonn na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais, an polasaí agus an cleachtas atá ann faoi láthair maidir le cistiú pinsean seirbhíse poiblí ag áireamh rannaíocaíochtaí ag fostuithe agus próiseas na meastachán bliantiúla. Cé nach ann do chomhaontú foirmeálta maidir leis na sainsuimeanna seo leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gan aon fhianaise ná leanfar air sholáthar suimeanna dá leithéid sin ag teacht leis an gcleachtas reatha. Tháinig an tsócmhainn chistíochta iarchurtha do phinsin mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008 go €16.1 milliún geall leis (2007: €15 milliún).</p>		
<b>(e) Anailís ar an méid a aithnítear sa ráiteas ar na gnóthachain agus ar na cailteanais uile Aitheanta (RGCA)</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
Taithí (gnóthachain) agus cailteanas ag éirí ar dhliteanais na scéime	245,000	(712,000)
Athruithe ar na toimhdí laistiar de luach reatha dhliteanais na scéime:	0	0
(gnóthachan) / cailteanas achtúireach aitheanta in RGCA:	245,000	(712,000)
<b>(f) Gluaiseacht ar an easnamh i rith na bliana</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>
	€	€
	€15,000,000	€14,600,000
Dlíteanas na Scéime ar an 1 Eanáir	€820,000	€800,000
Costas Seirbhíse Reatha	€560,000	€580,000
Ús ar dhliteanais na scéime	(€525,000)	(€268,000)
Sochair iníoctha	€245,000	(€712,000)

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 3 Iú Nollaig, 2008.**

gnóthachan achtúireach aitheanta in RGCA:	€16,100,000	€15,000,000	
<b>Stair thaithí gnóthachana agus cailteanais</b>			
<b>Taithí (gnóthachain) / cailteanais ag éirí ar dhliteanais na scéime</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>	<b>2005</b>
Suim	(€712,000)	€344,000	€558,000
céatadáin de luach reatha dhliteanas na scéime	(5%)	2%	4%
<b>méid iomlán aitheanta in RGCA</b>			
Suim	(€712,000)	€344,000	€558,000
céatadáin de luach reatha dhliteanas na scéime	(5%)	2%	4%
Ionann an (gnóthachan) / cailteanas achtúireach ó 2004 i leith a aithnítear in RGCA agus 2,540,000			
<b>11. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>	
Párolla / Creidmheaoirí Éagsúla	€105,388	€83,502	
Creidmheasóirí a bhaineann le BNA	€14,484	€14,484	
Fabhruithe	€285,999	€133,901	
Ioncam larchurtha TSME	€17,896	€20,422	
Iomlán na gCreidmheasóirí	€423,767	€252,309	
<b>12. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ</b>	<b>2008</b>	<b>2007</b>	
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	€86,316	€112,682	
Cíos agus Seirbhísí Roinn Sláinte agus Leanaí / FÁS	€118,572	€47,020	
Féichiúnaí TSME	€3,036	€3,036	
Féichiúnaithe Éagsúla ÚNM	12,780		
Lúide Soláthar do Dhrochfhiacha	(7,301)	€5,479	€16,839
Réamhíocaíochtaí		€50,619	€37,810
Iomlán na bhFéichiúnaithe		€264,022	€217,387
<b>13 DLITEANAS THEAGMHASACHA</b>			

**Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2008.**

Ní ann d'aon dhliteanais theagmhasacha ar an 31 Nollaig 2008.

**14. CEANGLAIS CHAIPITIL**

Ní raibh aon cheanglas caipitil gan chomhlánú ag an Údarás ar an 31 Nollaig 2008.

**15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Thug an tÚdarás faomhadh do na Ráitis Airgeadais ar an 16 Iúil 2009





# Auisíní

## **Aguisín I: Coistí an Údaráis i 2008**

### **Coiste Iniúchta**

Derek Uasal Staveley (Cathaoirleach)  
Robert Uasal Cashell  
Kevin Uasal Condon  
Maria Uasal Cronin  
Brian Uasal Duffy  
Christy Uasal Lynch

### **Coiste Airgeadais**

Christy Uasal Lynch (Cathaoirleach)  
Jack Uasal Callanan  
Maria Uasal Cronin  
John Uasal Dolan  
Noreen Uasal Gildea  
Seán Uasal Mistéil

### **Fochoiste Rialachais**

An Dr Angela Kerins (Cathaoirleach)  
Gene Uasal Lambert  
Betty Uasal O'Leary  
Donie Uasal O'Shea

### **Fochoiste Straitéis Náisiúnta Míchumais**

Donie Uasal O'Shea (Cathaoirleach)  
Siobhán Uasal Barron  
John Uasal Dolan  
Noreen Uasal Gildea  
David Uasal Joyce  
Christy Uasal Lynch  
Betty Uasal O'Leary

## **Coistí Comhairleacha**

### **Coiste Eiticiúil Taighde Míchumais**

An tOllamh Jerome Bickenback (Cathaoirleach)  
Selina Uasal Bonnie  
An Dr Ron Iphofen  
An Dr Tim Jackson  
Mairide Uasal Woods

### **Coiste Dámhachtainí Rochtain den Scoth**

James Uasal McClean (Cathaoirleach)  
Colm Uasal Butler (a d'éirigh as i mí Lúnasa 2008)  
Frank Uasal Daly  
Alexis Uasal Donnelly  
Chrissie Uasal Keane  
Mícheál Uasal McDonnell  
An tOllamh Barry McMullen (a ceapadh i Mí na Samhna 2008)  
Sarah Uasal Neary (a d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2008)  
Fionnuala Uasal Rogerson  
Angela Uasal Rolfe  
John Uasal Wickham (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2008)

### **Coiste Comhairleach Meabhairshláinte**

Frank Uasal Flannery (Cathaoirleach)  
Alan Uasal Chapman  
Finola Uasal Colgan  
Mick Uasal Coughlan  
Niall Uasal Keane  
Michelle Uasal Kerrigan  
Mary Uasal Keys  
Tony Uasal Leahy  
Louie Uasal Maguire (a d'éirigh as July 2008)  
Rose Marie Uasal Murphy (a d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2008)  
Winifred Uasal O'Hanrahan  
John Uasal Redican  
Joan Uasal Regan

John Uasal Saunders  
An Dr Margaret Webb

## **Aguisín 2: Ionadaithe ÚNM ar eagraíochtaí seachtracha le linn 2008**

### **Gréasán um Aosú go Maith**

#### **An Cumann um Chur Chun Cinn na Teicneolaíochta Cúnta san Eoraip**

- Bord

#### **Bord Comhairleach na Rialachán Foirgníochta**

- Grúpa Oibre Cuid M

#### **Bus Éireann**

- Grúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas

#### **Citizens Information An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh**

- Grúpa Comhairleach um Threoracha i leith Rochtain

#### **Faisnéise do Chách**

- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)
- Painéal Tomhaltóirí
- Fóram Tionsclaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

#### **An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe**

- An Coiste Comhairleach um Thacsaithe

#### **An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**

- An Fóram Comhairleach um Dhaoine faoi Mhíchumas

#### **An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil**

- An Coiste Comhairleach um Plean Gníomhaíochta Míchumais
- An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Straitéis Tithíochta a Fhorbairt do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Fo-ghrúpa Taighde
- An Fo-ghrúpa um Prótacal Meabhairshláinte

**An Roinn Sláinte agus Leanaí**

- An Coiste Náisiúnta Comhairleach um Míchumas
- An Coiste Náisiúnta um Bunachar Sonraí Maidir le Míchumas Fisiciúil agus Céadfaíoch

**An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**

- An Grúpa Oibre Comhionannais

**Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

- An Fóram Comhairleach Míchumais

**Coimisiún na hEorpa**

- Grúpa Ardleibhéil um Míchumas

**Roinn an Taoisigh**

- Grúpa Monatóireachta Lucht Leasmhara Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Grúpa Liaison um Straitéis Sonraí

**An Roinn Iompair**

- Fóram Iompair Mhara
- An Coiste Comhairleach um Iompar Poiblí (PTAC)

**Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann (DfI)**

- Fo-ghrúpa Tithíochta

**An tÚdarás Comhionannais**

- Coiste Comhairleach Bhliain na hEorpa um Chomhionannas Deiseanna do Chách

**Coiste na gCaighdeán Eorpacha (CEN)**

- Grúpa Oibre um Inrochtaineacht do Chách
- Ceardlann um Chreat Cáilíochta do Sheirbhísí Sóisialacha

**An Gréasán Eorpach um Choincheap Inrochtaineachta****An Gréasán r-Rochtana Eorpach um Dhearadh do Chách**

- Lárionad Náisiúnta Teagmhála

**FÁS**

- An Coiste Comhairleach um Míchumas

**tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)**

- An Grúpa Comhairleach Caighdeán um Ionaid Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)**

- Grúpa Athbhreithnithe Seirbhísí Lae d'Aosaigh
- Grúpa Oibre um Measúnú Riachtanas
- Grúpa Oibre Ionad Cónaithe
- Grúpa Maoirseachta um Reachtaíocht Míchumais
- Fóram um Thaighde Sláinte Leanaí
- Oifig Náisiúnta um Féinmharú a Chosc san fheachtas Do Mheabhairshláinte

**Eagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta (ISO)**

- Eirgeanamaíocht do Dhaoine le Riachtanais Speisialta
- Grúpa Comhairleach um Dhearadh Uilíoch

**Dámhachtainí r-Rialtais na hÉireann**

- Painéal Measúnóirí

**Cumann Idirlín na hÉireann**

- Grúpa um Thaithí Úsáideoirí

**Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB)**

- Fo-grúpa Náisiúnta Oiliúna agus Cumarsáide um an Acht Míchumais
- Grúpa Náisiúnta Stiúrtha um an Acht Míchumais
- Fo-ghrúpa Náisiúnta Stiúrtha um an Acht Míchumais

**An Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

- Bord
- An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
- Coiste Comhairleach um Chaighdeán Inrochtaineachta do Chách

### **An Oifig um Chuimsiú Sóisialta**

- Grúpa Comhairleach Teicniúil um Staidreamh

### **An Coimisiún um Shábháilteacht Iarnóid**

- An Chomhairle um Shábháilteacht Iarnróid

### **Athshlánú Idirnáisiúnta (RI)/Athshlánú Idirnáisiúnta na hEorpa**

### **Na Náisiúin Aontaithe**

- G3ICT

## **Aguisín 3: Foilseacháin agus aighneachtaí ÚNM le linn 2008**

Foilseacháin

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Dréacht-Chód Cleachtais um Inrochtaineacht Ionad Oidhreachta

Ceannaireacht éifeacht agus Cultúr Eagraíochta maidir le Daoine faoi Chumas a Earcú agus a Choinneáil san Earnáil Phoiblí

Taithí Daltaí faoi Mhíchumas Fisiciúil i Scoileanna Dara Leibhéil he

Ceistneoir Monatóireachta: Maidir le Cód Cleachtais ÚNM um Inrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis arna Soláthar ag Comhlachtaí Poiblí a chur i bhfeidhm

Tuarascáil 2007 um Aslonnú Sábháilte agus Dul Amach Sábháilte do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun cinn: Géilliúlacht le Cuid 5 den Acht um Míchumas, 2005

## **Aighneachtaí**

### **An Coimisiún um Chánachas**

- Athbhreithniú Cánachais

**An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe**

- Athbhreithniú ar an Táille uasta Tacsáí

**An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha**

- Athbhreithniú Choimisiún na hEorpa maidir leis an gCreat Rialúcháin um Ghréasáin agus Seirbhísí Leictreonacha Cumarsáide

**An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil**

- Treoirlínte um Fhorbairtí Cónaithe

**An Roinn Sláinte agus Leanaí**

- Athbhreithniú ar Plean Earnála na Roinne Sláinte agus Leanaí

**An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**

- Páipéir faisnéisithe polasaí don Aire maidir le drochíde daoine faoi mhíchumas

**An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

- Athbhreithniú ar an Liúntas Míchumais
- Straitéis Náisiúnta Cúramóirí a Fhorbairt

**An Roinn Iompair**

- Athbhreithniú ar an bPlean Earnála – Iompar do Chách
- Fís 2020 Vision – Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe